



**AN ROINN OIDEACHAIS & EOLAÍOCHTA  
DEPARTMENT OF EDUCATION & SCIENCE**

**CIORCLÁIN BUNOIDEACHAIS 10/03, 11/03, 12/03 & 5/03**  
(Déanann Ciorcláin Bunoideachais 10/03, 11/03, 12/03 leasú ar Chiorcláin 6/01,  
7/01 & 8/01)

**Sosanna Gairme, Roinnt Poist,  
Malartú Múinteora & Saoire Cúramóra do Mhúinteoirí Bunscoile**

**Tugtha cothrom le dáta Márta 2003**

# **AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA AN BRAINSE BUNOIDEACHAIS**

**Ciorcláin Bunoideachais 10/03, 11/03, 12/03 & 5/03**

## **CHUIG BOIRD BHAINISTÍOCHTA, PRÍOMHOIDÍ AGUS GACH FOIREANN TEAGAISC BUNSCOILEANNA**

**Sosanna Gairme, Roinnt Poist,  
Malartú Múinteora & Saoire Cúramóra do Mhúinteoirí  
Bunscoile**

Tá ceithre chiorclán sa leabhrán seo:

- Ciorclán 10/03 – Scéim sos gairme do mhúinteoirí bunscoile
- Ciorclán 11/03 – Scéim roinnt poist do mhúinteoirí bunscoile
- Ciorclán 12/03 – Scéim Malartú Múinteora do mhúinteoirí bunscoile
- Ciorclán 5/03 – Scéim Saoire Cúramóra do mhúinteoirí bunscoile

Ba chóir do Chathaoirligh Bhoird Bainistíochta agus do Phríomhoidí na Ciorcláin a thabhairt ar aird do chomhaltaí an Bhoird agus ba chóir do mhúinteoirí cóip a choinneáil le tagairt dó amach anseo. Féadfar an Ciorclán seo agus na foirmeacha iarratais cuí a fheiceáil chomh maith ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais & Eolaíochta [www.education.ie](http://www.education.ie) agus féadfar iad a íoschóipeáil uaidh.

Márta 2003

## INNÉACS

### ROINN

### LEATHANACH

1. Réamhrá .....
2. Sosanna Gairme do Mhúinteoirí Bunscoile – Ciorclán Bunoideachais 10/03.....
3. Roinn Poist do Mhúinteoirí Bunscoile– Ciorclán Bunoideachais 11/03.....
4. Scéim Malartaithe Múinteora do Mhúinteoirí Bunscoile- Ciorclán Bunoideachais12/03..
5. Saoire Cúramóra do Mhúinteoirí Bunscoile – Ciorclán Bunoideachais 5/03.....

### AGUISÍNÍ

#### AGUISÍN A

Saoire Cúramóra (An Íon Laethanta as láthair / Pá Lúide Scála)

#### AGUISÍN B

1. Foirm Iarratais do Shos Gairme
2. Foirm Chun Filleadh ó Shos Gairme
3. Foirm Iarratais do Roinnt Poist
4. Foirm Iarratais le haghaidh malartú múinteoir sealadach
5. Foirm Iarratais do Shaoire Cúramóra

## Roinn 1

### RÉAMHRÁ

Tá cuntas ar na forálacha a rialaíonn sosanna gairme, roinnt poist, malartú múinteora agus saoire cúramóra sna ciorcláin seo do Mhúinteoirí Bunscoile agus dá réir sin tagann siad in áit gach ciorcláin agus gach fógra roimhe seo mar seo a leanas:

**Sosanna Gairme** Fógra Sos Gairme Bealtaine 1996  
Ciorcláin 20/85, 17/88 agus 6/01

**Roinnt Poist** Ciorcláin 32/97, 26/99 agus 7/01

**Malartú Múinteora** Ciorclán 12/97 agus 8/01

Tá Ciorclán Bunoideachais 5/03 – Saoire Cúramóra ann freisin

## Roinn 2

### **SOSANNA GAIRME DO MHÚINTEOIRÍ BUNSCOILE**

Tá sos gairme deartha le deis a thabhairt do mhúinteoirí bunscoile incháilithe briseadh a fháil ó ghnáthdhualgais le haire a thabhairt do leanaí, d'ábhair eile teaghlaigh, staidéar, taisteal etc.

#### **1. Achar Sos Gairme**

1.1 Is éard is sos gairme ann saoire speisialta **gan phá** ar feadh tréimhse **nach lú ná 1** scoilbhliain amháin agus nach mó ná 5 scoilbhliain. Féadfaidh múinteoir sos gairme amháin a ghlacadh a bheidh scaipthe thar chúig bliana; nó féadfaidh sé/sí más mian leis/léi páirt a ghlacadh, ag amanna éagsúla, i socruithe ar leithligh faoi réir cheadú an Bhoird Bainistíochta. Tosóidh sos gairme an 1 Meán Fómhair agus críochnaíodh an 31 Lúnasa i scoilbhliain.

1.2 Féadfaidh an Bord Bainistíochta údarás a thabhairt do mhúinteoir in imthosca eisceachtúla, sos gairme a thosú le linn na scoilbhliana. I gcásanna mar sin áfach ní chuirfear deireadh leis an tréimhse saoire speisialta níos luaithe ná deireadh na scoilbhliana ina dhiaidh sin agus measfar é mar sos gairme dhá bhliain. **Sampla:** Measfar múinteoir ar deonadh sos gairme air/uirthe ag tosú an 5 Samhain 2000 a bheith ar shos gairme go dtí 31 Lúnasa 2002. Léiríonn sé sin sos gairme dhá bhliain.

#### **2. Incháilíocht**

2.1 Beidh múinteoir buan a mbeidh a phromhadh/promhadh comhlánaithe go sásúil aige/aici agus a mbeidh seirbhís ar feadh ar a laghad 2 bhliain tugtha aige/aici i gcumas lánaimseartha i.e. lánaimseartha agus sealadach sa scoil ina bhfuil sé/sí ag iarraidh an sos gairme incháilithe. Tarscaoilfear an ceanglas dhá bhliain i gcás múinteoirí **atá** athimlonnaithe go héigeantach sa dhá bhliain scoile deiridh. Ní bhainfidh sé seo áfach le múinteoirí a bheidh le cur ar an bpainéal ag an am a mbeidh siad ag déanamh iarratais ar shos gairme.

#### **3. Ráiteas Polasaí do Bhoird Bainistíochta maidir le Socruithe Sos Gairme**

3.1 Ba chóir polasaí a bheith i bhfeidhm ag an mBord Bainistíochta le sosanna gairme a dheonú ina mbeadh aird chuí ar éilimh na scoile agus ar na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag ceadú roinnt sosanna gairme ón scoil chéanna ag an am céanna.

3.2 Agus an polasaí sin á chur le chéile ba chóir tosaíocht a thabhairt do leas agus do riachtanais oideachasúla na ndaltaí thar aon ní eile.

3.3 Agus breithiúnas á dhéanamh ar iarratais le sosanna gairme a dheonú, nó le síneadh a chur le sosanna gairme i mbliain áirithe ba chóir do Bhoird Bhainistíochta fachtóirí mar seo a leanas a bhreithniú:

- ❖ An líon múinteoirí sa scoil a d'fhéadfadh a bheith ar shaoire neamhláithreachta ceadaithe mar shaoire mháithreachais, uchtaíoch, nó saoire do thuismitheoirí.
- ❖ An líon múinteoirí a bheidh ag roinnt poist, ar iasacht nó ar Shaoire Staidéir ceadaithe faoi Riall 116 de na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta.
- ❖ An líon múinteoirí atá ar shos gairme cheana féin.

Ba chóir do gach Bord breithniú a dhéanamh ar chuóta iomlán a bheith acu i gcás sosanna gairme ag glacadh na bhfactóirí dá dtagraítear thuas san áireamh, agus an líon iomlán múinteoirí sa scoil.

3.4 Ba chóir do Bhord Bainistíochta a chinntiú gur féidir leo múinteoir athsholáthair cáilithe a fháil (ach amháin sa chás go mbeidh cearta painéil curtha siar ag múinteoir le sos gairme a ghlacadh, agus nach gceaptar aon mhúinteoir athsholáthair sa chás sin) sula ndéanfar iarratas ar shos gairme a fhaomhadh.

#### 4. Nósanna Imeachta Iarratais

4.1 Ní mór iarratas a dhéanamh chuig an mBord Bainistíochta leis an bhfoirm iarratais oifigiúil roimh **1 Marta** den bhliain a mbeidh sé ar intinn ag an múinteoir an sos gairme a ghlacadh – tá **Foirm Iarratais do Shos Gairme** in Aguisín A den leabhrán seo. Tá breis foirmeacha iarratais le fáil ó Rannóg Íocaíochtaí Bunoideachais na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

4.2 Má theastaíonn ó mhúinteoir síneadh a chur leis an sos gairme, ní mór dó/di iarratas a dhéanamh chuig an mBord Bainistíochta ar fhoirm iarratais oifigiúil roimh **1 Marta** den bhliain ina dhiaidh sin.

4.3 Caithfidh an múinteoir mionsonraí beachta maidir le hachar an tsos ghairme a thabhairt don Bhord Bainistíochta ag baint leasa as an bhfoirm iarratais foirmiúil agus caithfidh sé/sí léiriú cad dó a bhfuil an sos gairme ag teastáil.

4.4 Féadfaidh múinteoir a bheidh ar shaoire mháithreachais íochta nó neamhíochta iarratas a dhéanamh ar shos gairme.

4.5 Féadfaidh múinteoir atá ar shaoire bhreiteachta iarratas a dhéanamh ar shos gairme. Caithfidh múinteoir áfach a bheidh as láthair ar shaoire bhreiteachta roimh dheireadh na scoilbhliana agus a bheidh ag déanamh iarratais ar shos gairme ag tosú i Meán Fómhair fianaise liachta a chur ar fáil go mbeadh sé/sí aclaí le dul i mbun dualgas mura mbeadh iarratas déanta aige/aici ar shos gairme.

#### 5. Ag ceadú sos gairme

5.1 Caithfidh an Bord Bainistíochta iarratais ar shosanna gairme a phróiseáil le linn mhí Marta agus léireoidh cinneadh i scríbhinn chuig an múinteoir roimh **1 Aibreán**. Caithfidh an Bord gach iarratas ceadaithe a chur isteach chuig an Roinn roimh **10 Aibreán**.

5.2 Ní bhfaighidh Boird Bainistíochta fógra i scríbhinn ón Roinn ach amháin má thagann deachrachaí chun cinn maidir le hincháilíocht iarratasóirí nó maidir le múinteoir athsholáthair.

## 6. Ag Ceapadh múinteoir athsholáthair

6.1 Caithfidh múinteoir sealadach cáilithe iomlán poist a bheidh fágtha folamh ag múinteoirí a ghlacfaidh sosanna gairme a líonadh faoi réir cheanglais na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta. Is é an t-aon eisceacht a bhainfidh leis an gceanglas sin ná nuair a chuirfidh múinteoir cearta painéil siar le sos gairme a ghlacadh, sa chás sin ní cheapfar aon mhúinteoir athsholáthair.

## 7. Íocaíocht Pá

7.1 Íocfar pá suas go dtí 31 Lúnasa den bhliain a dtosóidh sos gairme.

## 8. Ag Múineadh le linn shos gairme

8.1 Níor chóir do mhúinteoir a bheadh ar shos gairme páirt a ghlacadh in aon chineál teagasc bunscoile. In imthosca eisceachtúla áfach féadfaidh múinteoir a bheidh ar shos gairme a bheith fostaithe i gcumas sealadach gearrthéarmach, ionadaíoch nó i gcumas páirtaimseartha. **Ba chóir a thabhairt ar aird go n-íocfar múinteoirí atá ar shos gairme agus a ghlacfaidh le post teagaisc i gcumas sealadach ag an ráta neamhcháilithe pá.**

8.2 Ní áireofar seirbhís teagaisc a thugtar in Éirinn le linn shos gairme le creidmheas incriminteach nó creidmheas olluimhriúil a dhámhachtain.

## 9. Staid maidir le freastal ar chúrsaí in-seirbhíse/ ar laethanta pleanála scoile

9.1 Ní bheidh múinteoir a bheidh ar shos gairme i dteideal saoire in lieu ar fhreastal a dhéanamh ar chúrsaí in-seirbhíse/laethanta pleanála scoile.

## 10. Éirí As le linn shos gairme

10.1 Caithfidh múinteoir a bheidh ar shos gairme agus ar mian leis/léi éirí as a bpost teagaisc fógra a thabhairt i scríbhinn don Bhord Bainistíochta de réir théarmaí fostaíochta an mhúinteora. Má éiríonn an múinteoir as an sos gairme le linn na scoilbhliana measfar go mbeidh bliain iomlán sos gairme glactha aige/aici.

10.2 Caithfidh an Bord Bainistíochta áfach an conradh a chomhlíonadh leis an múinteoir athsholáthair sealadach.

## 11. Staid maidir le poist fhreagrachta le linn do mhúinteoirí a bheith ar shos gairme

11.1 Féadfar post freagrachta a bheidh fágtha folamh ag múinteoir a ghlacfaidh sos gairme a líonadh ar bhonn gníomhach ó scoilbhliain amháin go dtí ceann eile, má bhíonn an post fós ag teastáil trí thagairt do Sceideal na bPost de réir Chiorclán Bunoideachais 7/03.

11.2 Féadfaidh múinteoirí a bheidh ar shos gairme iarratas a dhéanamh ar phoist fhreagrachta a thiocfaidh chun cinn ina scoil le linn a sos gairme agus ba chóir go gcuirfeadh a mBord Bainistíochta ar an eolas iad faoi phoist a bheidh le líonadh.

11.3 Sa chás go gceapfar múinteoir a bheidh ar shos gairme chuig post freagrachta féadfaidh an Bord Bainistíochta múinteoir eile a cheapadh chuig an bpost ar bhonn gníomhach ó scoilbhliain amháin go dtí scoilbhliain eile ar choinníoll go mbeidh an post ag teastáil trí thagairt do Sceideal na bPost de réir Chiorclán Bunoideachais 7/03. Cuirfear deireadh le híocaíocht liúntais an tsealbhóir poist gníomhach nuair a thiocfaidh an múinteoir a bhí ar shos gairme ar ais i mbun dualgas arís. Ní thabharfaidh ceapachán gníomhach chuig Post Freagrachta aon chearta chuig ceapachán chuig post freagrachta iarbhír.

## **12. Staid maidir le sinsearach**

12.1 Ní bheidh tionchar ag neamhláithreachta ar shos gairme ar shinsearachta múinteora.

## **13. Staid maidir le hachar seirbhíse i gcás incháilíochta do phoist fhreagrachta**

13.1 Ní áireofar sos gairme a glacadh an 1 Meán Fómhair 1999 nó dá éis mar achar seirbhíse le hincháilíocht do phoist fhreagrachta. Áireofar áfach sos gairme a glacadh roimh an dáta sin.

## **14. Creidmheas Incriminteach do Sheirbhís a thugtar le linn shos gairme**

14.1 Ní áireofar tréimhse sos gairme le haghaidh creidmheas incriminteach a dhámhachtain. Ní áireofar seirbhís teagaisc a thugtar in aon chumas in Éirinn le linn shos gairme le haghaidh creidmheas incriminteach. Ceadófar creidmheas incriminteach áfach i gcás sheirbhís teagaisc cheadaithe thar lear más féidir é a dheimhniú trí thagairt d'fhorálacha Chiorclán 10/01.

14.2 Tá foirmeacha iarratais le haghaidh creidmheas incriminteach a éileamh i gcás seirbhís teagaisc thar lear ar fáil ó: **Rannóg Íocaíochtaí Bunoideachais, An Roinn Oideachais & Eolaíochta, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí** má bhíonn tú ag múineadh i ngnáthscoil, nó ó **Rannóg Oideachais Speisialta na Roinne** má bhíonn tú ag múineadh i scoil speisialta nó ó láithreán gréasáin na Roinne.

## **15. Staid maidir leis an bPainéal Athimlonnaithe (tagair le do thoil don leabhrán ar Chearta Painéal do Mhúinteoirí, leagan cothrom le dáta Márta 2001, le haghaidh breis eolais)**

15.1 Ní chuirfidh cearta painéal cosc ar mhúinteoir iarratas a dhéanamh ar shos gairme. Caithfidh an múinteoir áfach fógra a chur i scríbhinn ar dtús chuig an Roinn ag cur in iúl gur mian leis/léi a chuid/cuid cearta painéil a chur siar le sos gairme a fháil. Cuirfear ainm an mhúinteora ar ais ar an bpainéal ag deireadh thréimhse an tsos ghairme. Dá réir sin ní mór go mbeifí in ann dul i dteagmháil leis an múinteoir le haghaidh tairiscintí a fháil ag an seoladh a bheidh le feiceáil ar an bhfoirm painéil. Mura ndéanfar athimlonnú ar an múinteoir faoin 31 Lúnasa, leanfaidh sé/sí ag teagasc ina chéad/céad scoil agus é/í ag fanacht le hathimlonnú.

15.2 Má chuirtear deireadh le post múinteora agus an múinteoir ar shos gairme tabharfar cuireadh dó/di a ainm/hainm a chur ar an bpainéal le linn dó/di a bheith ar saoire. Dá réir sin ní mór go mbeifí in ann dul i dteagmháil leis an múinteoir le haghaidh tairiscintí a fháil ag an seoladh a bheidh le feiceáil ar an bhfoirm painéil.

15.3 Má tá múinteoir i scoil ag dul ar shos gairme agus má bhíonn múinteoir eile á chur ar an bpainéal, féadfaidh an múinteoir atá á chur ar an bpainéal roghnú a chearta/cearta painéil a chur siar leis an bpost athsholáthair sos gairme sealadach a ghlacadh.

## 16. Taifead saoire bhreiteacha le linn shos gairme

16.1 Comhairfear an saoire bhreiteachta íoctha a bheidh incheadaithe in aon tréimhse ceithre bliana **oibre** as a chéile ionann is nár tharla aon bhriseadh sa sos gairme.

## 17. Cúrsaí ÁSPC, Cánach agus Aoisliúntais

17.1 Ní hionann asláithreacht múinteora ar shos gairme agus briseadh seirbhíse i gcás **ÁSPC. Sampla:** Má bhí an múinteoir ag íoc an ráta modhnaithe ÁSPC díreach roimh a s(h)os gairme, leanfaidh sé/sí ag íoc an ráta sin nuair a chuirfidh sé/sí tús in athair le dualgais, ar choinníoll go dtosóidh sé/sí ag múineadh go sealadach nó go buan ar an gcéad lá oibre díreach i ndiaidh lá deiridh an tsos ghairme.

17.2 Beidh ar mhúinteoirí a bheidh ar ais i mbun dualgas i ndiaidh sos gairme i mbliain **nua** cánach dul i dteagmháil leis: An Cigire Cánach, Aonad 985 go 988, 14/15 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1. Teileafón (01) 8746821 le haghaidh a dteastas reatha creidmheasanna cánacha a fháil. Mura ndéanfaidh siad sin asbhainfear ÍMAT de réir rátaí éigeandála.

17.3 Ní áireofar tréimhse sos gairme mar sheirbhís i gcás **aoisliúntais**. (Tabhair ar aird le do thoil go mbíonn an creidmheas a thugtar as seirbhís teagaisc lasmuigh de Phoblacht na hÉireann le linn shos gairme incriminteach amháin agus ní bhíonn sé inphinsin).

17.4 Féadfaidh múinteoirí iad seo a leanas a roghnú:

❖ Ráta speisialta ranníoca aoisliúntas a íoc ionas gur féidir tréimhse an tsos ghairme a chur san áireamh, ar choinníoll go rachaidh siad i dteagmháil le **Rannóg Pinsean Bunoideachais na Roinne** sula dtosaíonn a sos gairme  
*nó*

❖ Seirbhís barúlach a cheannach nuair a rachaidh siad ar ais ag teagasc.

Ba chóir ceisteanna maidir le seirbhís a cheannach a sheoladh chuig: **Rannóg Pinsean Bunoideachais, An Roinn Oideachais & Eolaíochta, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.**

## 18. Asbhaintí deonacha

18.1 Stopfaidh asbhaintí deonacha (VHI, CMÉ etc.) le linn an tsos ghairme. Ba chóir socruithe ar leithligh a dhéanamh leis na gníomhaireachtaí cuí maidir le leanúint ar aghaidh le híocaíochtaí. Ba chóir do mhúinteoirí dul i dteagmháil leis na gníomhaireachtaí cuí lena chinntiú go gcuirfear tús le hasbhaintí arís nuair a thiocfaidh siad ar ais i mbun dualgas teagaisc tar éis shos gairme.

## 19. Ag Atosú tar éis Shos Gairme



19.1 Coinneoidh múinteoirí teidlíocht dualgais a atosú i bpost buan nuair a chríochnóidh an tréimhse cheadaithe don sos gairme. Caithfidh múinteoir a bhfuil sé ar intinn aige/aici dul ar ais ag teagasc ó shos gairme fógra a chur chuig an mBord Bainistíochta faoi **1 Marta** ag baint leasa as **Foirm le Atosú tar éis Shos Gairme** atá in Aguisín A den leabhrán seo.

### **Beidh ar Dhochtúir Teaghlaiigh an mhúinteora roinn den fhoirm sin a chomhlánú.**

Beidh ar an mBord ansin an fhoirm chomhlánaithe agus sínithe go cuí a chur ar aghaidh chuig Rannóg Íocaíochta Bunoideachais den Roinn Oideachais & Eolaíochta roimh **30 Aibreán**. Sa chás go mbeidh imthosca eisceachtúla áirithe i gceist, féadfaidh an Bord Bainistíochta tréimhse fógra níos lú ná mar atá sonraithe a ghlacadh. Ní chuirfear múinteoir ar an bpárolla go dtí go bhfaighidh an Roinn an fógra sin.

19.2 Measfar múinteoir a dteipfidh air/uirthi dul ar ais i mbun dualgas ag deireadh na tréimhse cheadaithe do shos gairme a bheith éirithe as a phost/post.

### **20. Saoire Staidéir faoi Riail 116 de na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta tar éis Shos Gairme**

20.1 Caithfidh múinteoir a bheidh ar shos gairme ar feadh cúig bliana ina iomláine dul ar ais i mbun dualgas teagasc lánaimseartha ar feadh ar a laghad tréimhse amháin scoilbhliana sula a ndeonófar saoire neamhláithreachta air/uirthi le haghaidh cúrsaí staidéir.

## **Roinn 3**

### **ROINNT POIST DO MHÚINTEOIRÍ BUNSCOILE**

#### **1. Réamhrá**

1.1 Is é an tAire Oideachais & Eolaíochta a chur i bhfeidhm an scéim roinnt poist ar dtús don scoilbhliain 1997/98 agus tá feidhm léi ó shin i leith.

1.2 Nuair a cuireadh i bhfeidhm ar dtús an scéim, ní raibh sé ceadmhach ach ag beirt mhúinteoirí buana a bhí bunaithe sa scoil chéanna páirt a ghlacadh sa scéim roinnt poist, agus iad ag roinnt poist lánaimseartha ar bhonn 50:50. Tá feidhm le scéim (ar a dtugtar roinnt poist idirscoileanna) anois chomh maith a cheadaíonn do bhuanmúinteoirí post a chomhroinnt i dhá scoil dhifriúla.

#### **2. Ráiteas Polasaí do Bhoird Bainistíochta maidir le socruithe Roinnt Poist**

2.1 Éilítear ar Bhoird Bainistíochta polasaí a fhorbairt ar chomhroinnt poist a bheadh sainiúil do riachtanais na scoile áirithe ionas go mbeadh an fhoireann ar an eolas maidir le seasamh an Bhoird ar an ábhar seo.

2.2 Agus iad ag cur creat le chéile maidir le seasamh polasaí ar chomhroinnt poist, éilítear ar Bhoird a chinntiú go dtabharfar tosaíocht do leas agus do riachtanais oideachasúla na ndaltaí thar aon ní eile.

2.3 Tá cuntas ar na gnéithe tábhachtacha de pholasaí roinnt poist ag (a) go dtí (f) thíos.

(a) Ba chóir do Bhoird a chinneadh an líon múinteoirí a cheadófar le páirt a ghlacadh i socruithe roinnt poist in aon scoilbhliain amháin.

(b) Saincheist eile a mbeidh aghaidh le tabhairt uirthi sa ráiteas polasaí ná achar an tsocraithe roinnt poist. Sa chomhthéacs sin beidh ar mhúinteoirí ar mian leo post a chomhroinnt i mbliain áirithe iarratas a dhéanamh ar a mBoird Bainistíochta le ceadú a fháil ar bhonn bliantúil. Bainfidh an coinníoll sin chomh maith le múinteoirí atá ag roinnt poist faoi láthair.

(c) Ba chóir do Bhoird aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist a bhaineann leis na leibhéil ranganna a bheidh le múineadh ag múinteoirí a bheidh ag roinnt poist. Éilítear orthu a chinntiú go dtabharfar tosaíocht do riachtanais leasa na ndaltaí thar aon ní eile. Tá sé tábhachtach go speisialta do Bhoird daltaí a bhféadfaí breathnú orthu mar dhaltaí laga nó mar dhaltaí le riachtanais speisialta a ghlacadh san áireamh. Dá réir sin ní mór do Bhoird aird speisialta a thabhairt sula gceadaíonn siad roinnt poist do ranganna naíonáin bheaga nó do dhaltaí le riachtanais speisialta.

(d) Ní cheadófar do Phríomhoidí, do mhúinteoirí Caidrimh idir Teaghlach agus Scoil, do mhúinteoirí ar Soláthar ná do mhúinteoirí a bheidh ar promhadh post a chomhroinnt. Ní fhéadfaidh múinteoir ar Soláthar áfach ach athrú go sealadach ón Scéim Soláthar le post a chomhroinnt le múinteoir eile. Chomh maith leis sin, ní bheidh múinteoirí atá ar iasacht faoi láthair nó a bheidh ag dul ar iasacht ábalta post a chomhroinnt le linn na hiasachta.

(e) Is faoin mBord a bheidh sé na socruithe roinnt-ama, atá sé chun a fhorhuiniú a chinneadh. Is iad na roghanna atá ar fáil ná seachtain ag obair/seachtain saor, nó seachtain roinnte agus sin amháin.

(f) Chomh luath agus a chinnfidh Bord Bainistíochta roinnt poist a cheadú, ba chóir tuismitheoirí a chur ar an eolas go mbeadh a leanbh nó a gcuid leanaí á múineadh ag múinteoirí roinnt poist sa scoilbhliain chuí. Éilítear ar Bhord fógra a thabhairt do thuismitheoirí chomh luath agus is féidir trí chruinniú speisialta a ghlaofaigh an Príomhoide/Bord Bainistíochta. Iarrtar ar mhúinteoirí a bhfuil a gcuid iarratas ar chomhroinnt poist ceadaithe ag Bord freastal a dhéanamh ar chruinniú den sórt sin.

Níor chóir go dtiocfadh bealaí eile cumarsáide in áit an cheanglais le haghaidh cruinniú speisialta le heolas a thabhairt do thuismitheoirí maidir le socruithe roinnt poist.

### **3. Achar Scéim Roinnt Poist**

3.1 Is í an íosthréimhse gur féidir le socrú roinnt poist tarlú ná scoilbhliain amháin.

### **4. Deireadh le socrú roinnt poist le linn na scoilbhliana**

4.1 Caithfidh Boird a chinntiú go mbeidh a fhios ag múinteoirí a bheidh ag glacadh páirte i socruithe roinnt post go gcoimeádann Boird an ceart deireadh a chur le socrú roinnt poist mura mbeidh an socrú ag oibriú ar mhaithe le leas na ndaltaí. Ba chóir a insint don mhúinteoir athsholáthair chomh maith go bhféadfaí deireadh a chur lena gceapachán.

## **5. Incháilíocht**

5.1 Beidh gach múinteoir buan laistigh de scoil le seirbhís dhá bhliain i gcumas buan incháilithe le hiarratas a dhéanamh ar chomhroinnt poist ach amháin Príomhoidí (cuireann an tábhacht a bhaineann le feidhm ceannaireachta Príomhoide cosc ar an ról sin a bheith á roinnt), múinteoirí Caidrimh idir Teaghlach agus Scoil, múinteoirí ar Soláthar agus múinteoirí ar promhadh. Féadfaidh múinteoir ar Soláthar áfach athrú ón Scéim Soláthair go sealadach le post a chomhroinnt le múinteoir eile. Ní fhéadfaidh múinteoir buan post a chomhroinnt le múinteoir sealadach. Chomh maith leis sin ní fhéadfaidh múinteoirí atá ar iasacht faoi láthair nó atá ag dul ar iasacht post a chomhroinnt le linn na hiasachta.

5.2 Féadfaidh múinteoir atá ar shos gairme nó ar shaoire neamhláithreachta eile atá ceadaithe iarratas a dhéanamh le haghaidh dualgais teagasc a thosú arís ar bhonn roinnt poist.

## **6. Nósanna Imeachta Iarratais**

6.1 Is faoi mhúinteoirí a bheidh sé comhghleacaithe a aimsiú lena bhféadfaidís a bheith sásta socrú roinnt poist a dhéanamh. Ní mór iarratais a dhéanamh i scríbhinn chuig Bord Bainistíochta na scoile (nó scoileanna i gcás roinnt poist idirscoileanna). Ní mór iarratais den sórt sin a dhéanamh chuig an mBord nó chuig na Boird roimh 1 Marta den bhliain a mbeidh sé i gceist acu tabhairt faoi chomhroinnt poist agus ní mór Plean Oibre a bheith isteach leis an iarratas. Tá foirmeacha iarratais in Aguisín an leabhráin seo. Má bhíonn síneadh ag teastáil, caithfidh an múinteoir iarratas bliantúil a dhéanamh chuig an mBord Bainistíochta/ Boird Bainistíochta ag baint leasa as an bhfoirm iarratais oifigiúil.

6.2 Caithfidh an Plean Oibre aghaidh a thabhairt ar an riachtanas atá ann maidir le leanúnachas, an riachtanas le haghaidh modheolaíocht chomhaontaithe a phleanáil agus cur chuige comhaontaithe maidir le saincheistanna disciplíne. Ba chóir don Phlean Oibre soláthar a dhéanamh chomh maith ar úsáid a bhaint as comhthallann an bheirt mhúinteoirí chomh maith le freagracht a shannadh. Ba chóir don Phlean Oibre cloí le polasaí scoile a bhfuil cuntas air sa Phlean Scoile. Ba chóir go mbeadh Boird sásta go dtugann an Plean Oibre aghaidh chuí ar gach saincheist lárnach a bhfuil cuntas orthu thuas. Chomh maith leis sin ba chóir do Bhoird a chinntiú go mbeidh comhaontú ann maidir le minicíocht chruinnithe lasmuigh-den-scoil idir iarratasóirí lena gcuid oibre a phleanáil agus a phlé, agus an líon múinteoirí a bheidh ar fáil le haghaidh cruinnithe foirne cuí agus le haghaidh cruinnithe cuí le tuismitheoirí.

6.3 Ba chóir go mbeadh páirt lárnach ag an bPríomhoide i ngach céim den phleanáil a bhaineann leis an socrú roinnt poist, lena n-áirítear an Plean Oibre a ullmhú.

## **7. Ag Ceadu socrú roinnt poist**

7.1 Beidh ar an bPríomhoide measúnú mion a dhéanamh ar an mBord Bainistíochta maidir le moltaí do chomhroinnt post. Iarrfar go sainiúil ar an bPríomhoide cuntas a thabhairt don Bhord maidir le cad é chomh comhoiriúnach, comhoibritheach, solúbtha atá an bheirt atá á moladh le haghaidh roinnt poist agus cad é chomh mór agus a thagann scileanna agus gairmiúlacht na beirte le chéile. Iarrfar ar an bPríomhoide

chomh maith léiriú a thabhairt ar na leibhéil scileanna eagrúcháin agus cumarsáide atá léirithe ag na páirtithe molta, chomh maith lena dtaifid tinrimh.

7.2 I gcás socrú roinnt poist idir scoileanna ba chóir go mbeadh comhchomhairle chuí le Bord Bainistíochta na scoile a bheidh i bpáirt leis an scoil féin ar gach saincheist a bhaineann leis an socrú molta mar chuid lárnach de phróiseáil an iarratais.

7.3 Beidh ar an mBord Bainistíochta/na Boird Bhainistíochta iarratais ar chomhroinnt post a phróiseáil le linn mhí Marta. Sa chás go bhfuiltear ag déanamh socrú idir scoileanna, caithfidh an Bord (Boird) an scoil ina mbeidh na múinteoirí roinnt post bunaithe a léiriú – tá roinn maidir leis an gceist sin ar an bhfoirm iarratais. Caithfidh an Bord (Boird) cinneadh a thabhairt i scríbhinn do na múinteoirí roimh 1 Aibreán. Caithfidh an Bord (Boird) gach iarratas ceadaithe a chur isteach chuig an Roinn roimh 10 Aibreán.

7.4 Ní bhfaighidh Boird Bainistíochta fógra i scríbhinn ón Roinn ach amháin má thagann deachrachaí chun cinn maidir le hincháilíocht iarratasóirí nó maidir le múinteoir athsholáthair.

7.5 Measfar Bord Bainistíochta na scoile ostaigh i socrú roinnt post idir scoileanna mar fhostóir na beirte a bheidh ag roinnt poist le linn thréimhse an chomhroinnt poist agus ba chóir don mhúinteoir Foirm Chomhaontaithe a shíniú leis an mBord Bainistíochta.

## **8. Ag Ceapadh múinteoir athsholáthair**

8.1 Agus socrú roinnt poist ceadaithe ag Bord (Boird) féadfaidh múinteoir a bheidh cáilithe go hiomlán aon phost a thagann chun cinn mar thoradh ar an socrú sin a líonadh i gcumas sealadach faoi réir cheanglais na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta.

8.2 Bainfidh eisceacht leis sin sa chás go bhfuil duine de na daoine a bheidh ag roinnt poist curtha ar an bpainéal nó le cur ar an bpainéal lena athimlonnú. Sa chás sin féadfaidh sé/sí a c(h)eartha painéal a chur siar le páirt a ghlacadh i roinnt poist. Ní thiocfaidh post iarmhartach chun cinn áfach sa chás sin.

## **9. Ag éirí as le linn chomhroinnt poist**

9.1 Is í an íosthréimhse gur féidir le socrú roinnt poist tarlú ná scoilbhliain amháin. Mar sin ní fhéadfaidh múinteoir éirí as socrú roinnt poist le dul ar ais ag teagasc go lánaimseartha ina scoil le linn na scoilbhliana.

9.2 Caithfidh múinteoir atá ag roinnt poist agus ar mian leis/léi éirí as a p(h)ost teagaisc (i gcoinne éirí as a s(h)ocrú roinnt poist) fógra a chur i scríbhinn chuig an mBord Bainistíochta (nó Boird Bainistíochta sa chás go bhfuil scéim roinnt poist idir scoileanna i gceist) de réir théarmaí fostaíochta an mhúinteora. Caithfidh an múinteoir roinnt poist atá fanta múinteoir buan eile a aimsiú le post a chomhroinnt leis/léi nó caithfidh sé/sí a theacht ar ais ag teagasc go lánaimseartha. Ba chóir an múinteoir athsholáthair sealadach a chur ar an eolas freisin go mbeidh deireadh lena cheapachán/lena ceapachán.

## **10. Roinnt Poist ag obair laistigh den scoil**

10.1 Chomh luath agus a thosaíonn scéim roinnt post éilítear ar Bhoird agus go háirithe ar Phríomhoidí a chinntiú go dtarlaíonn mionphleanáil ghearrthéarmach idir na páirtithe.

10.2 Tá an-tábhacht ag baint le taifid a choinneáil agus is é/í an Príomhoide atá freagrach as gné riachtanach de chomhroinnt poist, is é sin monatóireacht a dhéanamh ar gach gné den socrú roinnt poist. Éilítear ar roinnteoírí poist dialann nó próifíl daltaí a choinneáil inar cheart nóta a dhéanamh de thaifid dul chun cinn agus d'imeachtaí tábhachtacha.

10.3 Beidh ar mhúinteoirí roinnt poist a bheith ar fáil do chruinnithe foirne cuí agus do chruinnithe cuí idir múinteoirí agus tuismitheoirí.

10.4 Ba chóir do gach páirtí teagaisc leanúnachas san fhoghlaim agus sa teagasc a chinntiú, go speisialta i gcás neamhláithreachtaí gearra, áit a bhfostaítear múinteoir ionadaíoch, agus ó sheachtain go seachtain. Tá sé seo tábhachtach ó thaobh an curaclam iomlán a sheachadadh, ó thaobh modheolaíocht teagaisc, agus ó thaobh cúrsaí a bhaineann le cód iompair agus leithroinnt obair bhaile.

10.5 Ba chóir don Bhord Bainistíochta fógra a chur chuig Cigire na Roinne chomh luath agus is féidir maidir le haon socrú roinnt poist nua.

## **11. Staid maidir le tinreamh ag cúrsaí in-seirbhíse (lena n-áirítear cúrsaí faoin gcuraclam) agus laethanta pleanála scoile**

11.1 I gcás múinteoirí a dhéanfaidh freastal ar chúrsaí den sórt sin nó ar laethanta pleanála scoile ar laethanta nach bhfuil siad dlite a bheith ag múineadh deonófar saoire in lieu ar chúrsaí den sórt sin/laethanta pleanála orthu nó íocfar iad ag an ráta pá lánaimseartha maidir le lá(laethanta) an chúrsa.

11.2 Ba chóir litir ón gCathaoirleach nó ón bPríomhoide ag deimhniú freastail ar an gcúrsa/lá pleanála scoile a chur isteach chuig Rannóg Íocaíochta Bunoideachais na Roinne. Ba chóir don mhúinteoir fógra a chur freisin chuig an Rannóg Íocaíochtaí Bunoideachais ag tabhairt le fios an mian leis/léi saoire lae in lieu a ghlacadh nó íocaíocht a fháil as an gcúrsa/lá pleanála scoile.

11.3 Féadfar múinteoir ionadaíoch a cheapadh maidir le laethanta saoire in lieu agus íocfaidh an Roinn astu. Ní fhéadfaidh múinteoirí roinnt poist ionadaíocht a dhéanamh ar a son féin le linn laethanta saoire in lieu.

## **12. Íocaíocht Pá le linn roinnt poist**

12.1 Íocfar múinteoirí roinnt poist ar scála pá atá cothrom le 50% de phá lánaimseartha i.e. leanfaidh siad ar an scála pá comónta a bheidh cuí do mhúinteoir ar an mbunús go n-áireofar gach dhá mhí dhéag de sheirbhís roinnt poist a thabharfar mar sheirbhís dhá mhí dhéag lánaimseartha chun críche incriminteacha.

12.2 Íoctar liúntais cháilíochta chomh maith ag an ráta 50% de liúntas lánaimseartha.

12.3 Le haghaidh cúrsaí párolla, i gcás socrú roinnt post idirscoileanna, íoctar an bheirt mhúinteoirí faoi uimhir rolla na scoile óstaí.

### 13. Staid maidir le Poist Fhreagrachta agus Roinnt Post

13.1 Ní cheadófar do **Príomhoidí Ionaid** post a chomhroinnt mura ngéilleann siad a bpost agus an liúntas cuí le linn an tsocrú roinnt poist. Faoi réir an phoist a bheith ag teastáil, féadfar Príomhoide Ionaid gníomhach a cheapadh ó laistigh d'fhoireann na scoile – beidh feidhm le téarmaí Roinn 15, Ciorclán Bunoidreachais 7/03. Ní bhunóidh an Príomhoide Ionaid gníomhach teideal pearsanta chuig an liúntas agus géillfidh é nuair a thiocfaidh an Príomhoide Ionaid ar ais i mbun dualgas lánaimseartha.

13.2 Féadfaidh **Príomhoide Cúnta** post a chomhroinnt agus liúntas an phoist fhreagrachta a choinneáil go hiomlán. Ba chóir do Bhord Bainistíochta dualgais an phoist a scrúdú lena chinneadh **an féidir** na dualgais a chomhlíonadh go hiomlán le linn na dtréimhsí a mbeadh an Príomhoide Cúnta i láthair. Sa chás go gcinneadh Bord gur féidir na dualgais a chomhlíonadh mar sin, leanfaidh an Príomhoide Cúnta ag comhlíonadh dualgais iomlána an phoist agus coinneoidh sé/sí an liúntas iomlán. Sa chás go gcinneadh Bord **nach féidir** leis an bPríomhoide Cúnta na dualgais a chomhlíonadh go hiomlán agus é/í ag roinnt poist, agus faoi réir an phoist a bheith ag teastáil, féadfar Príomhoide Cúnta gníomhach a cheapadh – beidh feidhm le téarmaí Roinn 15, Ciorclán Bunoidreachais 7/03 – beidh an post freagrachta gníomhach seo ar bhonn roinnt poist agus roinnfear an liúntas go cothrom idir an bheirt mhúinteoirí. Caithfidh an Príomhoide Cúnta gníomhach na dualgais a chomhlíonadh nuair a bheidh an sealbhóir poist atá ag roinnt poist as láthair. Ní bhunóidh an Príomhoide Cúnta gníomhach teideal pearsanta chuig an liúntas agus géillfidh sin nuair a thiocfaidh an Príomhoide Cúnta ar ais i mbun dualgas go lánaimseartha.

13.3 Féadfar cead a thabhairt do shealbhóir poist freagrachta **Dualgas Speisialta** post a chomhroinnt. Ba chóir do Bhoird áfach dualgas an phoist a scrúdú lena chinneadh **an féidir** na dualgais a chomhlíonadh go hiomlán le linn thréimhsí a mbeidh an múinteoir Dualgas Speisialta a bheidh ag roinnt poist i láthair. Sa chás go gcinntear gur féidir na dualgais a chomhlíonadh mar sin, leanfaidh an múinteoir Dualgas Speisialta ag comhlíonadh dualgais iomlána an phoist agus íocfar é/í dá réir. Sa chás go gcinneann Boird **nach féidir** na dualgais a chomhlíonadh go hiomlán le linn roinnt poist, agus faoi réir an phoist a bheith ag teastáil, féadfar múinteoir Dualgas Speisialta gníomhach a cheapadh – beidh feidhm le téarmaí Roinn 15, Ciorclán Bunoidreachais 7/03 – beidh an post freagrachta gníomhach seo ar bhonn roinnt poist agus roinnfear an liúntas go cothrom idir an bheirt mhúinteoirí. Beidh ar an sealbhóir poist Dualgas Speisialta gníomhach na dualgais a chomhlíonadh nuair a bheidh an sealbhóir poist atá ag roinnt poist as láthair. Ní bhunóidh an sealbhóir poist Dualgas Speisialta gníomhach teideal pearsanta chuig an liúntas sin agus urscaoilfidh sé/sí an liúntas nuair a thiocfaidh an sealbhóir poist iarbhír ar ais i mbun dualgas go lánaimseartha.

13.4 Ba chóir don Bhord Bainistíochta, i gcomhchomhairle leis an bPríomhoide, athbhreithniú a choinneáil den oibríocht maidir le poist fhreagrachta a bhíonn ag múinteoirí atá ag roinnt poist lena chinntiú go gcomhlíontar freagrachtaí go cothrom, agus nuair a bhíonn sé riachtanach, socruithe eile cuí a dhéanamh faoi Ranna 13.2 agus 13.3 thuas.

13.5 Maidir le líonadh post freagrachta is ionann bliain ag roinnt poist agus bliain iomlán seirbhíse.

13.6 Féadfaidh múinteoir a bheidh ar scéim roinnt poist idirscoileanna iarratas a dhéanamh ar phoist fhreagrachta a thiocfaidh chun cinn ina hiar/iarscoil ach ní bheidh sé/sí incháilithe le hiarratas a dhéanamh ar phoist sa scoil ina bhfuil sé/sí ag roinnt poist. Má éiríonn leis/léi, ní fhéadfaidh an múinteoir atá ag roinnt poist an post freagrachta a ghlacadh ina hiar/iarscoil go dtí go dtagann deireadh leis an socrú roinnt poist. Féadfar sealbhóir poist gníomhach a cheapadh ina áit ar bhonn gníomhach (nuair is infheidhme) go dtí go dtiocfaidh an múinteoir atá ag roinnt poist ar ais go dtí an scoil.

13.7 Má dhéanann sealbhóir poist atá ag fáil liúntas post freagrachta socrú roinnt poist idirscoileanna, ní mór dó/di an liúntas a urscaoileadh ar feadh achair an tsocrú roinnt poist. Féadfar sealbhóir poist gníomhach a cheapadh, faoi réir an riachtanais a bheidh ann maidir leis an bpost a bheith ag teastáil.

#### **14. Staid maidir le roinnt poist agus an painéal athimlonnaithe**

14.1 Féadfaidh múinteoir a bhfuil deireadh á chur lena phost/post mar gheall ar thitim sa rollú agus ar mian leis/léi post a chomhroinnt a c(h)earta painéil a chur siar faoi réir ar a mhéid 5 bliana.

14.2 I gcás painéal athimlonnaithe measfar múinteoir a bheidh i socrú roinnt poist idirscoileanna a bheith ar fhoireann a hiar/iarscoile.

#### **15. Ag Filleadh ar an Teagasc go lánaimseartha**

15.1 Féadfaidh múinteoir a bheidh ag roinnt poist fillleadh ar fhostaíocht go lánaimseartha ag deireadh na tréimhse roinnt poist aontaithe; nó caithfidh sé/sí tosú ag teagasc ag dáta níos luaithe má threoraíonn Bord Bainistíochta na scoile dó/di sin a dhéanamh. Gheobhaidh múinteoir roinnt poist a chur a c(h)earta painéil siar le dul ag roinnt poist a áit ar ais ar an bpainéal cuí ón dáta a gcuireann sé/sí deireadh leis an socrú roinnt poist.

#### **16. Íocaíocht Pá arna Fhilleadh ar an Teagasc go Lánaimseartha**

16.1 Faoi Rialú Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa i gcás Hill agus Stapleton, leanfaidh múinteoir roinnt poist a bheidh ag fillleadh ar fhostaíocht lánaimseartha ar an scála pá coitianta atá cuí do mhúinteoir ar an mbunús go n-áireofar gach dhá mhí dhéag de sheirbhís roinnt poist a thabharfar, mar sheirbhís lánaimseartha dhá mhí dhéag chun críche incriminteacha.

**Sampla:** Thosaigh múinteoir (a dtosaíonn a d(h)áta incriminteach an 1 Meán Fómhair gach bliain) ag roinnt poist an 1 Meán Fómhair 1994 agus bhí sí ar an 3ú pointe den scála pá ar an dáta sin. Bheadh sí dlite íocaíochta a fháil ar an 4ú pointe den scála pá i 1995, an 5ú pointe i 1996, an 6ú pointe i 1997 agus nuair a d'fhillfeadh sí ar sheirbhís lánaimseartha an 1 Meán Fómhair 1998, bheadh sí dlite í a chur ar an 7ú pointe den scála pá mar a bhí an 1 Meán Fómhair 1998. Arna fhilleadh ar theagasc lánaimseartha di an 1 Meán Fómhair 1998 cuireadh ar ais ar an 5ú pointe den scála pá í. Faoi rialú Hill/Stapleton áfach bheadh an múinteoir seo i dteideal dul ar aghaidh ar an scála pá ionann is go raibh sí ag obair go lánaimseartha i.e. rachadh sí ar aghaidh chuig an 7ú pointe ar an scála an 1 Meán Fómhair 1998.

## **17. Staid maidir le múinteoirí roinnt poist a chur san áireamh ó thaobh seirbhíse agus sinsearachta**

17.1 Tagraíonn Rialú Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa i gcás Gerster do **sheirbhís a chur san áireamh** agus sinsearachta i gcás múinteoirí atá ag roinnt poist.

17.2 Faoi rialú seo chun críche seirbhíse **ináirithe** (sa méid go mbíonn tionchar aige ar sheirbhís cáilíochta i gcás críche eile seachas pá agus aoisliúntas), tugtar creidmheas do gach seirbhís roinnt poist ar an mbunús céanna le seirbhís lánaimseartha.

17.3 Is ceist do gach Bord Bainistíochta tríd is tríd í **sinsireacht** múinteoirí, agus cinntear é sin tríd an dáta a ceapadh múinteoir chuig scoil. Deimhníonn rialú Gerster go n-áirítear seirbhís roinnt poist mar sheirbhís iomlán ó thaobh sinsearachta. Do chríocha sinsearachta meastar múinteoir atá i socrú roinnt poist idirscoileanna a bheith ar fhoireann a hiar/iarscoile.

## **18. Saoire**

18.1 Carnófar teidlíochtaí a thagann ó shaoire phoiblí chuig múinteoir roinnt poist ar an múinteoir a bheadh ar an sceideal le dul i mbun dualgas ar an lá atá i gceist. I gcásanna mar sin áfach beidh éagsúlacht bheag ag baint leis an ngnáthréim tinrimh, más gá, le ligean don bheirt pháirtithe roinnt poist buntáiste cothrom a bhaint as saoire poiblí.

18.2 Faoi réir cheadú Boird Bainistíochta, beidh múinteoirí roinnt poist i dteideal saoire a ghlacadh faoi théarmaí Chiorclán 18/00 (Neamhláithreachtaí Gearra) i gcás laethanta a mbeidh siad ar an sceideal le bheith ag teagasc.

**Sampla:** Bíonn bainis ag duine de mhuintir dhuine de na múinteoirí roinnt poist ar an lá a bhfuil an múinteoir ar an sceideal le bheith ag teagasc – beidh an múinteoir i dteideal saoire lae a ghlacadh sa chás sin. Ach mura mbeidh an múinteoir ar an sceideal le bheith ag teagasc, ní bheidh sé/sí i dteideal saoire lá in lieu.

18.3 Ní fhéadfaidh múinteoir roinnt poist ionadaíoch a dhéanamh dá p(h)áirtí i gcás neamhláithreachtaí gearra ó am go ham. Ba chóir don Bhord Bainistíochta leanúint le socrúithe a dhéanamh go háitiúil le haghaidh ionadaí a fháil.

## **19. Saoire Méala/ Saoire chun breathnú i ndiaidh dhuine muinteartha atá breoite**

19.1 Faoi Roinn 1 de Chiorclán 18/00 (Neamhláithreachtaí Gearra) beidh múinteoirí roinnt poist i dteideal saoire méala agus saoire chun breathnú i ndiaidh dhuine muinteartha breoite ar feadh laethanta a mbeidh siad ar an sceideal le bheith i láthair ag teagasc.

## **20. Saoire Bhreiteachta**

20.1 Beidh múinteoirí roinnt poist i dteideal 365 lá saoire bhreiteachta i dtréimhse ceithre bliana. Lena chinntiú áfach go mbeidh cothromaíocht i bhfeidhm do mhúinteoirí lánaimseartha beidh feidhm leis an bhfoirmle seo a leanas:

A Comhairfidh gach lá neamhláithreachta mar gheall ar bhreiteacht ar a bhfuil an múinteoir ar an sceideal le bheith i láthair mar dhá lá saoire bhreiteachta.



B Sa chás go rachaidh neamhláithreachtaí saoire bhreiteachta thar deireadh seachtainí, comhairfidh gach deireadh seachtaine idirthrémhseach mar dhá lá saoire bhreiteachta.

C Agus an saoire bhreiteachta comhbhailithe á chur san áireamh, glacfar saoire bhreiteachta gan teastas san áireamh, chomh maith le tréimhsí a mbeidh an scoil dúnta le linn neamhláithreachta múinteora.

D Éilítear ar mhúinteoir roinnt poist teastas liachta a sholáthar ó liachleachtóir cáilithe tar éis dhá lá neamhláithreachta as a chéile mar gheall ar bhreiteacht.

## **21. Saoire Mháithreachais/Uchtaíoch/do Thuismitheoirí**

21.1 Tá na socruithe atá i bhfeidhm do mhúinteoirí maidir le saoire mháithreachais, saoire uchtaíoch agus saoire do thuismitheoirí tríd is tríd mar atá sonraithe san Acht um Chosaint Mháithreachais, 1994, san Acht um Shaoire Uchtaíoch, 1995, san Acht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 agus sna hIonstraimí, Orduithe agus leasuithe Reachtúla cuí. Níl aon idirdhealú sna hAchtanna idir foireann atá ag obair go lánaimseartha agus foireann atá ag roinnt poist. Is iad na coinníollacha ginearálta atá i bhfeidhm faoi láthair do mhúinteoirí ar shaoire mháithreachais, ar shaoire uchtaíoch agus ar shaoire do thuismitheoirí na coinníollacha a bhfuil cuntas orthu i gCiorcláin na Roinne.

21.2 Íocfar múinteoir lánaimseartha a thosaíonn saoire mháithreachais/uchtaíoch agus a bhforluíonn a saoire leis an chéad scoilbhliain eile, ag an ráta pá lánaimseartha ar feadh achair na saoire máithreachais/uchtaíoch agus saoire in-lieu fiú amháin agus socrú roinnt poist curtha ar bun ag an múinteoir ó shin.

21.3 Íocfar múinteoir roinnt poist a thosaíonn saoire mháithreachais/uchtaíoch agus a bhforluíonn a saoire leis an chéad scoilbhliain eile, ag an ráta pá roinnt poist ar feadh achair na saoire máithreachais/uchtaíoch agus saoire in-lieu fiú amháin agus an múinteoir ar ais i gcumas lánaimseartha ó shin.

21.4 Agus í ar shaoire mháithreachais nó ar shaoire uchtaíoch, íocfar aon phá a íocfar le múinteoir roinnt poist ag an ráta roinnt poist de réir na bhforálacha maidir le híocaíocht le linn shaoire mháithreachais nó shaoire uchtaíoch a bheidh i bhfeidhm ag an am. Agus í ar shaoire mháithreachais, bainfear an múinteoir roinnt poist den phá.

21.5 Gheobhaidh múinteoirí a bheidh ar shaoire mháithreachais/uchtaíoch íoctha agus ar shaoire do thuismitheoirí neamhíoctha saoire íoctha in lieu ar laethanta a raibh an scoil dúnta le linn na tréimhse saoire do thuismitheoirí (ní dheonófar saoire in lieu maidir le saoire mháithreachais/uchtaíoch neamhíoctha). Agus í ar shaoire íoctha in lieu íocfar an múinteoir ag an ráta pá roinnt poist. Ní mór an tsaoire in lieu a ghlacadh díreach i ndiaidh na saoire máithreachais/uchtaíoch agus na saoire neamhíoctha do thuismitheoirí beag beann ar na socruithe roinnt poist.

21.6 Léiríonn na samplaí seo a leanas an bealach a ríomhtar saoire do thuismitheoirí maidir le múinteoirí roinnt poist. Léiríonn na samplaí seo chomh maith an cás maidir le saoire mháithreachais agus saoire uchtaíoch íoctha.

**Sampla 1:** Tá múinteoir ag roinnt poist agus é/í ag obair seachtain agus saor seachtain eile. Déanann an múinteoir iarratas ar shaoire do thuismitheoirí le haghaidh dhá sheachtain as a chéile de réir Roinn 4 de chiorclán Saoire do Thuismitheoirí 1/99. Clúdóidh an tsaoire do thuismitheoirí seo an tseachtain a bhfuil an múinteoir dlite le bheith ag obair agus an tseachtain a bhfuil sé/sí dlite le bheith saor.

**Sampla 2:** Tá múinteoir ag roinnt poist agus é/í ag obair seachtain agus saor seachtain eile. Déanann an múinteoir seo iarratas ar shaoire do thuismitheoirí le haghaidh 14 seachtain i.e. chun na 7 seachtain a bhfuil sé/sí dlite le bheith ag obair a chlúdach agus na 7 seachtaine a bhfuil sé/sí dlite le bheith saor. Beidh an scoil dúnta 10 n-uaire le linn na tréimhse ceithre seachtaine déag ar a bhfaighidh an múinteoir 10 lá scoile íoctha in lieu ag an ráta pá roinnt poist. Clúdaíonn na laethanta sin an tréimhse díreach i ndiaidh saoire do thuismitheoirí beag beann an bhfuil an múinteoir dlite le bheith ag obair an tseachtain sin nó le bheith saor.

## **22. Fostaíocht Lasmuigh**

22.1 Níl sé ceadaithe ag múinteoir roinnt poist fostaíocht lasmuigh a ghlacadh gan comhthoilíú an Bhoird Bainistíochta, a chaitear a fháil de ghnáth roimh ré, agus ní thabharfar an comhthoilíú sin ach amháin sa chás go bhfuil sé soiléir nach mbeidh tionchar ag fostaíocht lasmuigh den sórt sin ar obair an mhúinteora faoin mBord Bainistíochta ná go mbeidh an fhostaíocht i gcomórtas le hobair an mhúinteora.

22.2 Ní fhéadfaidh múinteoirí roinnt poist a bheith páirteach i dteagasc páirtaimseartha ná ionadaíoch.

## **23. Aoisliúntas**

23.1 Beidh múinteoir roinnt poist incháilithe le sochair aoisliúntais a fháil ar an mbunús céanna le foireann lánaimseartha, ach amháin go n-áireofar gach bliain seirbhíse a thugtar i gcumas roinnt poist mar sheirbhís lánaimseartha sé mhí chun críche aoisliúntais.

23.2 Tá cuntas ar na rialacháin aoisliúntais is infheidhme do bhuanmúinteoir a ceapadh an 5 Aibreán 1995 nó dá éis agus atá ag íoc ranníoca Aicme A agus a roghnaíonn roinnt poist ina dhiaidh sin i gCiorclán 8/95 agus i leabhrán na Roinne dár teideal Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa.

23.3 Sular eisíodh Ciorclán PEN 5/02 ní raibh múinteoirí roinnt poist in ann seirbhís bharúlach a cheannach ach amháin nuair a bheidís ar ais ag teagasc go lánaimseartha. Faoi théarmaí Chiorcláin PEN 5/02 féadfaidh múinteoirí atá ag roinnt poist seirbhís bharúlach a cheannach agus iad ag roinnt poist ar choinníoll go raibh siad ag roinnt poist ar feadh ar a laghad cúig bliana nó go raibh siad ar a laghad 50 bliain d'aois ag an am ar thosaigh siad ag roinnt poist.

*Ciorclán Bunoidreachais 12/03*

# SCÉIM MALARTAITHE MÚINTEORA DO MHÚINTEOIRÍ BUNSCOILE

## 1. Réamhrá

1.1 Tá an scéim malartaithe múinteora leagtha amach le héascaíocht a dhéanamh do bhuanmúinteoirí a gcuid post a mhalartú go sealadach chun críche oideachasúla.

## 2. Achar Malartaithe Múinteora

2.1 Is í an íosthréimhse ar féidir le malartú tarlú ná bliain amháin agus an uastréimhse ná cúig bliana. Iarrtar ar mhúinteoirí áfach tabhairt ar aird go mbíonn iarratais le páirt a ghlacadh i socruithe malartaithe faoi réir iarratais bhliantúla (féach Nósanna Imeachta Iarratais ag 4 thíos).

2.2 Féadfaidh múinteoir páirt a ghlacadh i socrú amháin malartaithe a bheidh sínithe thar cúig bliana, nó féadfaidh siad más mian leo páirt a ghlacadh sa scéim ag tréimhsí éagsúla, i socruithe ar leithligh, faoi réir an mhúinteora gan páirt a ghlacadh i socruithe malartaithe ar feadh níos mó ná cúig bliana ar an iomlán.

## 3. Incháilíocht

3.1 Beidh deis ag múinteoirí buana a bhfuil promhadh comhlánaithe acu agus ar mian leo a gcuid post a mhalartú tabhairt faoin scéim.

3.2 **Ní bheidh** múinteoirí atá ar phainéil athimlonnaithe incháilithe le páirt a ghlacadh i scéimeanna malartaithe múinteoirí.

## 4. Nósanna Imeachta Iarratais

4.1 Is faoi mhúinteoirí a bheidh sé comhghleacaithe a aimsiú ar mian leo socrú malartaithe a dhéanamh leo.

4.2 Iarrtar ar mhúinteoirí ar mian leo páirt a ghlacadh i scéim malartaithe múinteora 'Foirm Iarratais Malartaithe Múinteora' comhlánaithe a chur isteach chuig a mBord (mBoird) Bainistíochta chomh luath agus is féidir, ach tráth nach déanaí ná **1 Marta** go cinnte. Ní mór iarratais ar mhalartú múinteora a dhéanamh ar bhonn bliantúil. Má éilítear síneadh, caithfidh múinteoirí iarratas a dhéanamh chuig an mBord Bainistíochta le foirm iarratais oifigiúil roimh an 1 Marta an bhliain **ina dhiaidh sin**.

4.3 Is faoin Bhord Bainistíochta a bheidh sé agallamh a chur ar mhúinteoir a bhfuil sé ar intinn aige/aici páirt a ghlacadh i socrú malartaithe.

## 5. Ag ceadú scéim malartaithe múinteora

5.1 Caithfidh an Bord Bainistíochta iarratais ar mhalartú múinteora a phróiseáil le linn mhí Marta. Cuirfidh an Bord (Boird) cinneadh i scríbhinn chuig gach múinteoir roimh **1 Aibreán**. Beidh ar an mBord/na Boird gach iarratas ceadaithe a chur isteach chuig an Roinn roimh **10 Aibreán**.

5.2 Ní bhfaighidh Boird Bainistíochta fógra i scríbhinn ón Roinn ach amháin má thagann deachrachaí chun cinn maidir le hincháilíocht iarratasóirí.

## **6. Ag Síniú Foirm Chomhaontaithe**

6.1 Measfar Bord Bainistíochta na scoile ina bhfuil an múinteoir ag tabhairt seirbhíse le linn an mhalartaithe mar fhostóir an mhúinteora agus beidh ar an múinteoir Foirm Chomhaontaithe a shíniú leis an mBord sin.

## **7. Ag cur deireadh le malartú múinteora le linn na scoilbhliana**

7.1 Ní fhéadfaidh múinteoir deireadh a chur le malartú le linn scoilbhliana ach amháin trí éirí as a phost/post. Má éiríonn múinteoir as a phost/post féadfaidh an Bord Bainistíochta múinteoir sealadach a cheapadh ar feadh an chuid eile den scoilbhliain.

## **8. Staid maidir le poist fhreagrachta agus múinteoirí ar malartú múinteora**

8.1 Ní mór do mhúinteoir a bheidh ag déanamh iarratais ar mhalartú múinteora a phost/post freagrachta a urscaoileadh ar feadh achar na scéime malartaithe. Féadfaidh múinteoir an post freagrachta a bheidh fágtha folamh ag múinteoir a bheidh ag glacadh páirte i scéim malartaithe a líonadh ar bhonn gníomhach ó scoilbhliain amháin go dtí an ceann eile, má bhíonn an post fós ag teastáil trí thagairt do Chiorclán Bunoideachais 7/03.

8.2 Féadfaidh múinteoirí a bheidh ar malartú múinteora iarratas a dhéanamh ar phoist freagrachta a thagann chun cinn ina iar-scoil le linn an mhalartaithe ach ní bheidh siad incháilithe le hiarratas a dhéanamh ar phoist sa scoil lena bhfuil siad tar éis malartú a dhéanamh.

Má éiríonn leo ceapfar post freagrachta gníomhach, faoi réir an phoist a bheith fós ag teastáil.

## **9. Sinsearach**

9.1 Ní bheidh tionchar ag rannpháirtíocht i scéim malartaithe múinteora ar shinsearach múinteora ina scoil féin.

# **Roinn 5**

## **SAOIRE CÚRAMÓRA DO MHÚINTEOIRÍ BUNSCOILE**

Úsáidtear an téarma Saoire Cúramóra le tuairisc a dhéanamh ar an saoire neamhíochta shealadach a ghlactar ó obair le cúram agus aire lánaimseartha a sholáthar go pearsanta do dhuine a bhfuil teastas liachta aige/aici go dteastaíonn a leithéid de chúram uaidh/uaithe.

### **1. TEIDLÍOCHT & INCHÁILÍOCHT CHUIG SAOIRE CÚRAMÓRA**

1.1 Le bheith incháilithe le haghaidh Saoire Cúramóra ní mór do mhúinteoir obair a bheith déanta aige/aici ar feadh tréimhse aon bhliain leanúnach leis an mBord Bainistíochta. Tarscaoiltear an coinníoll sin in imthosca eisceachtúla agus sin amháin agus faoi réir riachtanais oideachasúla agus leasa na ndaltaí.

Tarscaoiltear an ceanglas sin i gcás múinteora a ndéantar athimlonnú éigeantach air/uirthi chuig scoil ar choinníoll go bhfuil bliain iomlán oibrithe aige/aici ina hiar/iar scoil sula rinneadh athimlonnú air/uirthi. Tarscaoiltear an ceanglas chomh maith sa chás go mbíonn múinteoir atá ag iarraidh saoire cúramóra a fháil ag múineadh i scoil a ndearnadh cónascadh uirthi laistigh de bhliain ó dháta an iarratais ar Shaoire Cúramóra.

Ní fhéadfaidh múinteoir atá le cur ar phainéal lena athimlonnú nó atá ar phainéal le haghaidh athimlonnaithe iarratas a dhéanamh ar Shaoire Cúramóra thar dheireadh na scoilbhliana a bhfuil a phost/post le tarraingt siar.

1.2 Sa chás go gceaptar múinteoir i gconradh fadtéarmach agus go gcuirí deireadh leis an bhfostaíocht ar dháta éaga an chonartha fhádtéarmaigh sin mura mbeadh sé/sí ar Shaoire Cúramóra ní shíneofar an tréimhse Saoire Cúramóra thar an lá a rachaidh an conradh fadtéarmach in éag. Ní bheidh tionchar ag deonú Shaoire do Chúramóirí ná ag a ghlacadh ar an dáta a gcuirfear deireadh le ceapachán fadtéarmach.

## **2. DUINE CUÍ**

2.1 Caithfidh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a mheas ar dtús go bhfuil cúram agus aire lánaimseartha ag teastáil ón duine a bhfuil iarratas á dhéanamh ar Shaoire Cúramóra dó/di, (tagraítear dó/di mar an “duine cúí”). Caithfidh an múinteoir mar sin iarratas a dhéanamh ar dtús ar Fhoirmeacha forordaithe na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (CARB1) is féidir a fháil ó Rannóg Sochar Cúramóra sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, Tithe an Rialtais, Bóthar Bhéal Átha na Lao, An Longfort, Co. an Longfoirt (Teil 043 45211 nó 01 8748444).

2.2 Dé réir rialacháin na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, ciallaíonn “cúram agus aire lánaimseartha” go gcaithfidh an oiread sin míchumais a bheith ar an duine a bhfuiltear ag tabhairt aire dó/di agus go dteastóidh

“Maoirseacht leanúnach agus cúnamh rialta uaidh/uaithi ar feadh an lae maidir lena ghnáth/gnáth riachtanais phearsanta” eg. Cúnamh le siúl thart agus imeacht thart, ithe nó ól, níochán, gléasadh etc;

*nó*

"Maoirseacht leanúnach le contúirt dó/di féin a sheachaint"

## **3. TRÉIMHSE SAOIRE CÚRAMÓRA A BHEIDH AR FÁIL**

3.1 Is í an uathréimhse Saoire Cúramóra a cheadófar le haire a thabhairt do ‘dhuine cúí’ amháin ná 65 seachtaine saoire neamhíoctha.

3.2 Ní cheadófar do mhúinteoir a bheith ar Shaoire Cúramóra maidir le níos mó ná duine amháin ag aon am amháin. Féadfaidh múinteoir ar ócáid amháin agus sin amháin áfach saoire a thosú maidir le duine, agus é/í ar shaoire cheana féin maidir le duine éigin eile, áit a gcónaíonn an bheirt dhaoine le chéile, ar choinníoll go mbeidh cead faighte ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh don dara duine. In imthosca mar sin féadfar líon iomlán Saoire Cúramóra de 130 seachtain a ghlacadh le chéile (65 seachtain i gcás gach duine cúí). Ní fhéadfar é sin a dhéanamh ach uair amháin.

3.3 Ní bheidh múinteoir i dteideal Saoire Cúramóra sa chás go mbeidh duine eile ar Shaoire Cúramóra le haghaidh cúram agus aire lánaimseartha a sholáthar don duine cuí céanna.

3.4 Sular féidir le múinteoir tús a chur le Saoire Cúramóra, caithfidh sé/sí cóip den chinneadh a rinne oifigeach breithiúnachta ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, go bhfuil teastas liachta ag an duine cuí mar dhuine a dteastaíonn cúram agus aire lánaimseartha uaidh/uaithi.

3.5 Beidh rogha ag múinteoirí Saoire Cúramóra a ghlacadh mar

(a) tréimhse amháin leanúnach de 65 seachtaine,

nó

(b) tréimhse amháin nó níos mó, agus gan an t-achar iomlán níos mó ná 65 seachtaine

Is í an íostheidlíocht reachtúil is féidir a ghlacadh in aon tréimhse amháin ná 13 seachtaine. Breithneofar iarratais ar Shaoire Cúramóra do thréimhsí níos lú ná 13 seachtaine áfach de bhua tuillteanais agus ceadóidh an Bord Bainistíochta iad nuair is féidir, agus aird á thabhairt ar chumas na scoile freastal ar riachtanais oideachasúla agus leasa na ndaltaí agus ar an líon tréimhsí Saoire Cúramóra atá glactha cheana féin ag an múinteoir sa scoilbhliain.

Chun críche an chiorcláin seo, sainmhínítear seachtain mar thréimhse seacht lá i.e. bainfear múinteoir a ghlacann 13 seachtain Saoire Cúramóra ón bpárolla ar feadh 91 lá.

Nóta 1: Sa chás nach nglactar Saoire Cúramóra i dtréimhse amháin leanúnach de 65 seachtain caithfidh bearna de ar a laghad 6 seachtaine a bheith idir thréimhsí Saoire Cúramóra maidir leis an duine céanna. Caithfidh múinteoir iarratas ar leithligh a dhéanamh ar an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh i gcás gach tréimhse ar leithligh Saoire Cúramóra.

Nóta 2: Más mian le múinteoir Saoire Cúramóra a fháil do dhuine eile caithfidh tréimhse 6 mhí imeacht ón dáta ar cuireadh deireadh leis an tsaoire maidir leis an tSaoire Cúramóra roimhe sin fiú amháin mura mbeidh an uasthréimhse de 65 seachtaine glactha ag an múinteoir don duine eile. Ní bheidh feidhm leis an bhforáil sin sa chás go mbeidh an bheirt daoine a mbeidh aire le fáil acu ina gcónaí le chéile.

3.6 Cáileoidh na chéad trí sheachtain déag de theidlíocht Saoire Cúramóra maidir le haon duine amháin a fhaigheann aire le haghaidh teidlíochtaí laethanta saoire poiblí agus sin amháin. Cuirtear srian chuig tréimhse na chéad 13 seachtaine amháin de theidlíocht Saoire Cúramóra leis an gceart chun saoire bhliantúil maidir le haon duine amháin cuí. Da réir sin bainfear 3 lá pá díreach i ndiaidh na tréimhse saoire cúramóra maidir le gach 14 lá neamhláithreachta ar Shaoire Cúramóra a bheidh níos mó ná an chéad tréimhse 13 seachtaine. Léirítear é sin sa Tábla in Aguisín A.

#### **4. FÓGRA A THEASTAÍONN CHUN SAOIRE CÚRAMÓRA A FHÁIL**

4.1 Tá coinníollacha ag baint le Saoire Cúramóra a dheonú sa méid go gcaithfidh múinteoir fógra a chur i scríbhinn chuig a Bhord/Bord Bainistíochta chomh luath agus is féidir ach tráth nach déanaí ná sé seachtaine roimh dháta tosaithe atá beartaithe don

Saoire Cúramóra. In imthosca eisceachtúla, féadfar iarratas a dhéanamh níos deireanaí ná sé seachtaine roimh an dáta tosaíthe atá beartaithe.

4.2 Tá Foirm Iarratais caighdeánach ullmhaithe ag an Roinn, nach mór do mhúinteoir a úsáid agus é/í ag déanamh iarratais ar Shaoire Cúramóra. Tá an fhoirm sin ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne ag [www.education.ie](http://www.education.ie) nó arna héileamh ó Rannóg Íocaíochtaí Bunoideachais na Roinne. Caithfidh ráiteas a bheith anseo ag cur in iúl go bhfuil iarratas ar chinneadh go bhfuil cúram agus aire lánaimseartha ag teastáil ón duine a bhfuil cúram le fáil aige/aici déanta ar an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (Féach Roinn 2).

4.3 Caithfidh an múinteoir cóip de chinneadh oifigeach breithiúnachta na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (nó oifigeach achomhairc) a thabhairt dá Bhord/Bord Bainistíochta díreach i ndiaidh dó/di teastas a fháil ón Roinn sin.

4.4 Caithfidh Bord Bainistíochta iarratas ar Shaoire Cúramóra a phríoiseáil faoi théarmaí an Achta, tráth nach déanaí ná 2 seachtaine roimh thús beartaithe na Saoire Cúramóra. Chun coigeartaithe do phá an mhúinteora a éascú ba chóir don Bhord Bainistíochta an t-iarratas a phríoiseáil chomh luath agus is féidir. Ní fhéadfaidh an Bord Bainistíochta an t-iarratas a phríoiseáil ach amháin ar choinníoll go mbeidh deimhniú acu ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (féach 4.3 thuas). Má dhiúltaíonn an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh iarratas ar Shaoire Cúramóra ansin ní fhéadfaidh an Bord an t-iarratas a cheadú. Chomh luath agus a bhíonn an Fhoirm Iarratais ceadaithe ag Bord Bainistíochta, is Doiciméad Deimhnithe ansin é.

4.5 Agus comhaontú sroichte, ní fhéadfar an neamhláithreach atá beartaithe don tSaoire Cúramóra a leasú ach amháin le comhaontú ó gach páirtí lena mbaineann.

4.6 Ní mór cóip den doiciméad deimhnithe a thabhairt don mhúinteoir agus an bhunchóip a chur ar aghaidh chuig an Roinn Oideachais agus Eolaíochta tráth nach déanaí ná 2 seachtaine roimh dháta tosaigh atá beartaithe don tsaoire.

4.7 Féadfaidh an Bord Bainistíochta Saoire Cúramóra a chur siar má bhíonn contúirt ann go gcuirfidh saoire den sórt sin isteach go suntasach ar oibríocht ghinearálta na scoile. Féadfar an cur siar a chur go dtí lá aontaithe. Ba chóir fógra a chur i scríbhinn chuig an múinteoir maidir leis an gcinneadh le Saoire Cúramóra a chur siar.

## **5. MÚINTEOIR ATHSHOLÁTHAIR**

5.1 Féadfaidh Bord Bainistíochta múinteoir sealadach a cheapadh a bheidh ag fáil íocaíochta ón Roinn nuair a bheidh múinteoir ar Shaoire Cúramóra ar choinníoll go mbeidh an post ag teastáil trí thagairt don sceideal foirne a bheidh infheidhme don bhliain áirithe sin. Ba chóir gur conradh cuspóra shocraithe a bheadh sa chonradh a thairgí don mhúinteoir sealadach ar feadh an achair a mbeidh an múinteoir as láthair ar Shaoire Cúramóra. Ba chóir don Bhord Bainistíochta ‘Cúis an Cheapacháin’ a liostú faoin bhfotheideal “Eile-Sonraigh le do thoil” mar Shaoire Cúramóra.

## **6. COTHABHÁIL AR CHEARTA FOSTAÍOCHTA LE LINN SHAOIRE CÚRAMÓRA**

6.1 I gcás múinteora a bheidh ar promhadh ag tús Saoire Cúramóra, beidh an tréimhse promhaidh ar fionraí le linn neamhláithreachta ar Shaoire Cúramóra.

6.2 Measfar múinteoir a bheidh ar Shaoire Cúramóra chun gach críoch ach amháin mar atá léirithe in alt 6.1 thuas, agus an ceart atá aige/aici sochair luach saothair agus aoisliúntais a fháil, mar mhúinteoir a bheidh fostaithe. Beidh an neamhláithreacht mar sin ináirithe go hiomlán le cearta painéil, sinsearachta a chinneadh etc.

6.3 Beidh múinteoir a bheidh ar Shaoire Cúramóra i dteideal fógra a fháil maidir le poist fhreagrachta fholamha, atá le líonadh sa scoil, agus seolfaidh an Bord Bainistíochta an fógra sin chuig an seoladh is déanaí atá ar eolas.

6.4 Ní fhéadfar caitheamh le neamhláithreachtaí ó fhostaíocht le linn Shaoire Cúramóra mar chuid d'aon saoire eile a bheidh an fostaí i dteideal a fháil eg. Saoire Bhreiteachta, saoire uchtaíoch, saoire mháithreachais, saoire do thuismitheoirí nó saoire force majeure.

6.5 Caithfidh múinteoir a bheidh as láthair ar shaoire bhreiteachta sula gcuireann sé/sí tús le Saoire Cúramóra teastas aclaíochta a chur ar fáil le dul i mbun dualgas arís sula dtosaíonn sé/sí Saoire Cúramóra.

## **7 CEISTEANA A BHAINNEAN LE ÁSPC AGUS AOISLIÚNTAS**

7.1 Éilítear ar mhúinteoirí a fhaigheann Saoire Cúramóra agus a íocann ranníoca Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa ag an ráta iomlán dul i dteagmháil leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh lena chinntiú go ndéantar cothabháil ar aon teidlíocht chuig creidmheasanna ÁSPC.

7.2 Ní hionann neamhláithreacht múinteora ar shaoire cúramóra agus briseadh i seirbhís do chríocha ÁSPC.

7.3 Ní áireofar an tréimhse ar shaoire cúramóra mar sheirbhís chun críche aoisliúntais.

## **8. AG CUR DEIREADH LE SAOIRE CÚRAMÓRA**

8.1 Tríd is tríd tiocfaidh deireadh le tréimhse Saoire Cúramóra ar an dáta a bheidh sonraithe ar an doiciméad deimhnithe, nó sa chás nach dteastóidh cúram agus aire lánaimseartha ón duine atá ag fáil cúraim nó sa chás go bhfaigheann an duine atá ag fáil cúraim bás le linn thréimhse Saoire Cúramóra. Sa chás sin féadfaidh an múinteoir fillleadh ar an dáta a bheidh sonraithe ar an doiciméad deimhnithe nó ar dháta a thiteann laistigh de 6 seachtaine tar éis dháta an bháis cibé acu is luaithe.

8.2 Sa chás go mbíonn Bord Bainistíochta den tuairim go bhfuil feidhm le haon cheann de na imthosca seo a leanas:

- Nach duine cuí nó nach duine cuí a thuilleadh é an duine a raibh sé ar intinn ag múinteoir Saoire Cúramóra a ghlacadh ar a shon/son nó a ghlac Saoire Cúramóra ar a shon/son
- Nach duine cuí nó nach duine cuí a thuilleadh é an duine ar deonadh Saoire Cúramóra ar a shon/son, agus a bhfuil an múinteoir ar Shaoire Cúramóra ar a shon/son



- Nach gcomhlíonann múinteoir a bhfuil sé ar intinn aige/aici Saoire Cúramóra a ghlacadh nó atá ar Shaoire Cúramóra na coinníollacha le cúram agus aire lánaimseartha a sholáthar don duine cuí
- Go bhfuil nó go raibh múinteoir a bhfuil sé ar intinn aige/aici Saoire Cúramóra a ghlacadh nó atá ar Shaoire Cúramóra i mbun fostaíochta nó féinfhostaíochta seachas mar a sholáthraítear sna rialacháin a rinne an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh;

cuirfidh an Bord Bainistíochta fógra chuig an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh maidir lena leithéid de thuairim chomh maith le forais na tuairime sin.

Agus fógra den sórt sin faighte ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ón mBord cuirfidh siad an cás ar aghaidh chuig oifigeach breithiúnachta le haghaidh cinnidh faoin Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993 i.e. maidir lenár comhlíonadh na coinníollacha a luadh roimhe sin.

Sa chás go ndéanann an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh cinneadh :

- Nach duine cuí nó nach duine cuí a thuilleadh an duine a bhfuil sé ar intinn ag múinteoir Saoire Cúramóra a ghlacadh ar a shon/son
- Nach gcomhlíonann an múinteoir na coinníollacha le cúram agus aire lánaimseartha a sholáthar nó
- Go bhfuil an múinteoir nó go raibh an múinteoir i mbun fostaíochta nó féinfhostaíochta seachas mar atá forordaithe (eg. Ag oibriú níos ná na 10 uaireanta atá ceadaithe in aghaidh na seachtaine)

agus mar sin cuirfear deireadh leis an Saoire Cúramóra, má bhí sí tosaithe, ar dháta an chinnidh sin agus fillfidh an múinteoir ar an obair.

I gcás go gcuirtear deireadh le Saoire Cúramóra ar scór chinneadh oifigeach breithiúnachta/oifigeach achomharc, ansin tiocfaidh an fógra maidir le filladh ar an obair ón mBord Bainistíochta.

## **9. AG OBAIR LE LINN SHAOIRE CÚRAMÓRA**

9.1 Féadfaidh múinteoir dul i mbun fostaíochta nó oiliúna/oideachais lasmuigh de theagasc le linn Shaoire Cúramóra ar choinníoll nach rachaidh na huaireanta fostaíochta thar 10 n-uaire sa tseachtain agus nach rachaidh tuillimh ghlana ón bhfostaíocht sin thar €95.23 sa tseachtain. Caithfear cúram cuí a shocrú don duine atá ag fáil cúraim agus é/í as láthair.

## **10. DÍOSPÓIDÍ AGUS ACHOMHAIRC**

10.1 Féadfar tríd is tríd díospóidí faoi theidlíocht chuig Saoire Cúramóra a chur ar aghaidh chuig Coimisinéir Cearta. Tá cumhacht ag an gCoimisinéir Cearta na páirtithe lena mbaineann an díospóid a éisteacht agus aon fhianaise chuí a thairgtear a fháil. Sa chás go mbeidh aon pháirtí míshásta le cinneadh an Choimisinéara Cearta, soláthraíonn an tAcht an ceart le hachomharc a dhéanamh chuig an mBinse Achomhairc Fostaíochta.

10.2 Ní mór fógra maidir le díospóid a thabhairt do Choimisinéir Cearta tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis do dhíospóid tarlú. Féadfar sásamh a dheonú i bhfoirm Saoire Cúramóra nó i bhfoirm cúitimh airgid.

## **11. SOCHAR CÚRAMÓRA**

11.1 Riartar an dá scéim, Saoire Cúramóra agus Sochar Cúramóra le chéile maidir leis na coinníollacha a bhaineann le (i) soláthar cúram agus aire lánaimseartha, agus (ii) an riachtanas le go ndéanfadh oifigeach breithiúnachta de chuid na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh cinneadh (nó oifigeach achomharc) go bhfuil teastas liachta ag an duine cuí mar dhuine a dteastaíonn cúram agus aire lánaimseartha uaidh/uaithi.

11.2 Ba chóir a thabhairt ar aird nach ionann coinníollacha teidlíochta chuig Saoire Cúramóra agus coinníollacha teidlíochta chuig Sochar Cúramóra agus vice versa. Tabhair ar aird le do thoil go gcomhaireann aicmí ranníoca ÁSPC A,B,C,D,H agus E chun críche cheanglais ranníoca ÁSPC a chomhlíonadh i gcás Shochar Cúramóra.

# AGUISÍNÍ

## **Aguisín A**

<b>Saoire Cúramóra An líon Laethanta as láthair</b>	<b>Múinteoirí Bunscoile Pá Asbhaintí le linn thréimhse an tsamhraidh</b>
0-91	0 lá
92-105	3 lá
106-119	6 lá
120-133	9 lá
134-147	12 lá
148-161	15 lá
162-175	18 lá
176-189	21 lá
190-203	24 lá
204-217	27 lá
218-231	30 lá
232-245	33 lá
246-259	36 lá
260-273	39 lá
274-287	42 lá
288-301	45 lá
302-315	48 lá

# FOIRM IARRATAIS DO SHOS GAIRME

## ~ CUID 1 ~

LENA CHOMHLÁNÚ AG AN MÚINTEOIR (I MBLOC LITREACHA)

### ROINN A – Mionsonraí Pearsanta

1. Uimhir PPS (Uimh. RSI roimhe seo): \_ \_ \_ \_ \_
2. Uimhir an Mhúinteora: 9 9 \_ \_ \_ \_ \_
3. Ainm: \_\_\_\_\_
4. Seoladh Baile: \_\_\_\_\_
5. Seoladh Ríomhphoist: \_\_\_\_\_
6. Uimhir Teagmhála Teileafóin: \_\_\_\_\_
7. Dáta Breithe:
8. An bhfuil Promhadh comhlánaithe agat? Tá Níl
9. An raibh tú ar shos gairme roimhe seo? Bhí \_\_\_\_ Ní raibh \_\_\_\_  
Má "**BHÍ**" abair cad é an uair agus achar: \_\_\_\_\_
10. Ainm & Seoladh na Scoile: \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_
11. Uimhir Rolla na Scoile:
12. Dáta ar ceapadh tú i gcumas buan: \_ \_ - \_ \_ - \_ \_

### ROINN B – Mionsonraí an tSos Ghairme atá Beartaithe

1. Dátá tosaithe atá molta don sos gairme: \_ \_ - \_ \_ - \_ \_
2. Achar an tsos ghairme atá molta: \_\_\_\_\_
3. An chúis atá leis an sos gairme: \_\_\_\_\_

**Dearbhaím go bhfuil an t-eolas atá tugtha agam san fhoirm seo fíor agus comhlánaithe. Tá na coinníollacha faoina bhfuil sos gairme deonaithe léite agam agus aontaím cloí leis na coinníollacha sin.**

**Tuigim go gcuirfidh aon eolas mícheart ná míchruinn a sholáthair mé san fhoirm seo mo shos gairme ar neamhní agus ar ceal.**

Síniú an Iarratasóra: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_ - \_\_ - \_\_

## ~ CUID 2 ~

**Ní mór do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta Cuid 2 a chomhlánú. Ba chóir an t-eolas seo a leanas a thabhairt ar aird sula gcomhlánaítear an fhoirm.**

1. Ar bhunús an eolais atá i gCuid 1 den fhoirm iarratais chomhlánaithe, cinntigh an gcomhlíonann an múinteoir na critéir incháilíochta mar atá leagtha amach i Roinn 2 de Chiorclán Bunoideachais 10/03.
2. Is leis an mBord Bainistíochta amháin atá an cinneadh le sos gairme a cheadú. Ní chealóidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta cinneadh Boird ach amháin mura gcomhlíonfar na critéir incháilíochta.
3. Má cheadaíonn an Bord Bainistíochta iarratas an mhúinteora, comhlánaigh **Cuid 2** den fhoirm iarratais agus seol ar aghaidh é chuig: Rannóg Íocaíochtaí Bunoideachais, An Roinn Oideachais & Eolaíochta, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí leis an Roinn a shroichint roimh **10 Aibreán**.
4. Cuir in iúl le do thoil i scríbhinn don mhúinteoir cinneadh an Bhoird Bainistíochta chomh luath agus is féidir ach tráth nach déanaí ná **1 Aibreán**.
5. Mura bhfuil deireadh leis an bpost a bhí ag múinteoir ag deireadh na scoilbhliana reatha, féadfaidh an Bord Bainistíochta múinteoir sealadach a bheidh cáilithe go hiomlán a fhostú de réir na nósanna imeachta athbhreithnithe le múinteoirí sealadacha a cheapadh mar atá léirithe san eagrán reatha de Bhoird Bhainistíochta Scoileanna Náisiúnta - Comhdhéanamh Bord agus Rialacha Nósanna Imeachta.
6. Faomhfaidh an Roinn iarratais atá ceadaithe ag leibhéal an Bhoird Bainistíochta go huathoibríoch. Ní bheidh aon chomhfhreagras ag an Roinn leis an múinteoir ná leis an mBord ach amháin **mura** bhfuil an múinteoir cáilithe le sos gairme a fháil, agus sa chás sin déanfaidh an Roinn comhfhreagras leis an dá pháirtí.

Tá an Bord Bainistíochta sásta, tar éis scrúdú a dhéanamh ar an bhFoirm Iarratais do Shos Gairme maidir le \_\_\_\_\_ (ainm an mhúinteora) go bhfuil iarratas an mhúinteora ceadaithe. Tá fógra curtha dá réir ag an mBord Bainistíochta chuig an múinteoir maidir lena chinneadh.

Síniú an Chathaoirligh: \_\_\_\_\_

Seoladh: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ Uimhir Teagmhála Teileafóin \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_ - \_\_ - \_\_

## NÓTA

**Níor chóir ach iarratais atá ceadaithe ag an mBord Bainistíochta a chur ar aghaidh chuig an Rannóg Íocaíochtaí Bunoideachais, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Ní mór iarratais a lóisteáil leis an Roinn roimh 10 Meitheamh.**

### **FOIRM CHUN FILLEADH Ó SHOS GAIRME**

#### **ROINN 1 – Teastas Inniúlachta le filleadh ar dhualgais mar mhúinteoir buan *Lena Chomhlánú ag Dochtúir Teaghlaigh***

Dearbhaím go bhfuil scrúdú curtha agam ar \_\_\_\_\_ (ainm an mhúinteora) agus go bhfuair mé amach go bhfuil sé/sí aclaí le filleadh ar dhualgais mar mhúinteoir bunscoile.

Sínithe: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

Stampa nó Séala

#### **ROINN 2 – lena chomhlánú ag an múinteoir**

1. Uimh. PPS (Uimhir RSI roimhe seo):

2. Uimhir an Mhúinteora: 99\_ \_ \_ \_ \_ - \_

3. Sloinne: \_\_\_\_\_

4. Céad Ainm: \_\_\_\_\_

5. Uimhir Teagmhála Teileafóin: \_\_\_\_\_

6. Seoladh Baile: \_\_\_\_\_

7. Seoladh Ríomhphoist: \_\_\_\_\_

8. Seoladh ar chóir duillín pá a eisiúint chuige, más difriúil ón seoladh thuas: \_\_\_\_\_

9. Ainm & Seoladh na Scoile

\_\_\_\_\_

10. Uimhir Rolla na Scoile: \_ \_ \_ \_ \_ - \_

11. Dáta Fillte: \_ \_ - \_ \_ - \_ \_

12. Mionsonraí Cuntais Bainc le haghaidh íocaíocht pá:

Ainm & Seoladh an Bhainc: \_\_\_\_\_

Cód Sórtála an Bhainc: \_ \_ - \_ \_ - \_ \_

Uimhir Cuntais Bainc: \_\_\_\_\_

***Tabhair ar aird má bhí do phá íoctha díreach isteach chuig do chuntas bainc roimhe seo, caithfidh tú fós mionsonraí a chur ar fáil atá iarrtha ag 11 thuas.***

Síniú an Mhúinteora: \_\_\_\_\_ Dáta: \_ \_ - \_ \_ - \_ \_

### **ROINN 3 – lena chomhlánú ag Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta**

Dearbhaím leis seo go bhfillfidh an duine atá ainmnithe thuas ar dhualgais an \_\_\_\_\_

Síniú an Chathaoirligh: \_\_\_\_\_ Dáta: \_ \_ - \_ \_ - \_ \_

**SEOL AR AGHAIDH CHUIG:  
Rannóg Íocaíochtaí Bunoideachais,  
An Roinn Oideachais & Eolaíochta,  
Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.**



## FOIRM IARRATAIS DO CHOMHROinnt POIST

CUID 1 (lena chomhlánú ag an mbeirt mhúinteoirí a bheidh ag roinnt poist)

	An chéad Mhúinteoir	An dara Múinteoir
Ainm		
Seoladh Baile		
Uimhir Teagmhála Teileafóin		
Seoladh Ríomhphoist		
Uimh. PPS (Uimh. RSI roimhe seo)		
Ainm & Seoladh na Scoile		
Luaigh an bunáit scoile, más socrú roinnt poist idirscoileanna		
Uimhir Rolla na Scoile(anna)		

### **CUID 2 – Mionsonraí maidir leis an Socrú Roinnt Poist atá Beartaithe**

1. Dáta tosaithe atá beartaithe don socrú roinnt poist: \_\_ - \_\_ - \_\_

2. Achar atá beartaithe a mhairfidh an roinnt poist: \_\_\_\_\_

**Dearbhaím go bhfuil an t-eolas atá tugtha agam san Fhoirm Iarratais seo fíor agus comhlánaithe. Tá na coinníollacha faoina bhfuil an socrú roinnt poist deonaithe (Ciorclán Bunoideachais 11/03) léite agam agus aontaím cloí leis na coinníollacha sin. Tuigim go gcuirfidh aon eolas mícheart ná míchruinn atá curtha ar fáil san fhoirm seo an socrú roinnt poist ar neamhní.**

SÍNIÚ AN CHÉAD MHÚINTEORA:

SÍNIÚ AN DARA MÚINTEORA:

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Dáta: \_\_ - \_\_ - \_\_

Dáta: \_\_ - \_\_ - \_\_

### **CUID 2 (lena chomhlánú ag an mBord (na Boird) Bainistíochta**

**Nóta:** Níor chóir ach amháin iarratais atá ceadaithe ag an mBord Bainistíochta a chur ar aghaidh chuig an **Rannóg Íocaíochtaí Bunoideachais, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta**. Ní mór iarratais a lóisteáil leis an Roinn roimh **10 Aibreán**.

**Ba chóir an t-eolas seo a leanas a thabhairt ar aird sula gcomhlánaítear an fhoirm.**

1. Ar bhunús an eolais atá i gCuid 1 den bhfoirm iarratais chomhlánaithe, ba chóir don Bhord (do na Boird) Bainistíochta a chinneadh an gcomhlíonann na múinteoirí na critéir incháilíochta mar atá leagtha amach i gCiorclán Bunoideachais 11/03 Roinn 5.

3. Is leis an mBord (na Boird) Bainistíochta amháin atá an cinneadh le socrú roinnt poist a cheadú. Ní chealóidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta cinneadh Boird ach amháin mura gcomhlíonfar na critéir incháilíochta.

4. Ba chóir don Bhord Bainistíochta a gcinneadh a chur in iúl i scríbhinn do na múinteoirí chomh luath agus is féidir ach tráth nach déanaí ná **1 Aibreán**.

5. Má cheadaíonn an Bord (na Boird) Bainistíochta iarratas an mhúinteora, ba chóir dóibh **Cuid 2** den fhoirm iarratais seo a chomhlánú agus é a sheoladh ar aghaidh é chuig: Rannóg Íocaíochtaí Bunoideachais, An Roinn Oideachais & Eolaíochta, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí leis an Roinn a shroichint roimh **10 Aibreán**.

6. Féadfaidh an Bord Bainistíochta múinteoir sealadach a bheidh cáilithe go hiomlán a fhostú mar mhúinteoir athsholáthair don mhúinteoir a bheidh ag roinnt poist de réir na nósanna imeachta athbheithnithe le múinteoirí sealadacha a cheapadh mar atá léirithe i mBord (mBoird) Bainistíochta Scoileanna Náisiúnta - Comhdhéanamh Bord agus Rialacha Nósanna Imeachta (eagrán reatha). Ní fhéadfar an post ach a líonadh i gcumas sealadach amháin má bhíonn an post fós ag teastáil sa scoil.

7. Ní bhfaighidh an Bord (Boird) Bainistíochta aon fhógra i scríbhinn ón Roinn ach amháin má thagann deacrachtaí chun cinn maidir le hincháilíocht iarratasóirí nó maidir le múinteoir athsholáthair.

Tá an Bord Bainistíochta sásta, tar éis scrúdú a dhéanamh ar an bhFoirm Iarratais do Chomhroinnt Poist go bhfuil iarratais na múinteoirí ceadaithe. Tá fógra curtha dá réir chuig na múinteoirí maidir leis an gcinneadh sin.

Síniú an Chathaoirligh: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_ - \_\_ - \_\_

Seoladh: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ Uimhir Teagmhála Teileafóin \_\_\_\_\_

Ní theastaíonn an dara síniú ach i gcás roinnt poist idirscoileanna:

Síniú an Chathaoirligh: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_ - \_\_ - \_\_

Seoladh: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ Uimhir Teagmhála Teileafóin \_\_\_\_\_

# FOIRM IARRATAIS LE HAGHAIDH MALARTÚ MÚINTEOIR SEALADACH

Ní mór don chéad mhúinteoir agus dá Bhord/Bord Bainistíochta Cuid 1 den fhoirm seo a chomhlánú.

Ní mór don dara múinteoir agus dá Bhord/Bord Bainistíochta Cuid 2 den fhoirm seo a chomhlánú.

## ~ CUID 1 ~

(COMHLÁNAIGH LE BLOCLITREACHA LE DO THOIL)

### MIONSONRAÍ AN MHÚINTEORA:

1. Ainm an Mhúinteora: \_\_\_\_\_
  2. Uimh. PPS (Uimh. RSI roimhe seo): \_\_\_\_\_ - \_\_\_\_
  3. Uimh an Mhúinteora: 9 9 \_\_\_\_\_ - \_\_\_\_
  4. Seoladh  
Comhfhreagrais: \_\_\_\_\_
  5. Seoladh Ríomhphoist: \_\_\_\_\_
  6. Uimhir Teagmhála Teileafóin: \_\_\_\_\_
  7. Ainm & Seoladh na Scoile Roimhe seo: \_\_\_\_\_
  8. Uimhir Rolla: \_\_\_\_\_ - \_\_\_\_
  9. An raibh tú ar mhalartú múinteora roimhe seo? Bhí \_\_\_\_\_ Ní raibh \_\_\_\_\_
- Má 'BHÍ' abair cad é an uair agus achar: \_\_\_\_\_

### **AN CHÚIS ATÁ LEIS AN MALARTÚ**

1. An scoilbhliain ar mian leat malartú: \_\_\_\_\_
2. An chúis go bhfuil tú ag iarraidh malartú a dhéanamh: \_\_\_\_\_
3. An scoil ar mian leat malartú chuici: \_\_\_\_\_

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas atá tugtha agam san fhoirm seo fíor agus comhlánaithe. Tá na coinníollacha faoina bhfuil socrú malartaithe múinteora deonaithe léite agam agus aontaím cloí leis na coinníollacha sin.

Tuigim go gcuirfidh aon eolas mícheart ná míchruinn a sholáthair mé san fhoirm seo an malartú múinteora ar neamhní agus ar ceal.

Síniú: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_ - \_\_ - \_\_

## **AN CHUID SEO LE SÍNIÚ AG CATHAOIRLEACH AN BHOIRD BAINISTÍOCHTA**

Tá an Bord Bainistíochta sásta, tar éis scrúdú a dhéanamh ar an bhFoirm Iarratais do Mhalartú Múinteora maidir le \_\_\_\_\_ go bhfuil iarratas an mhúinteora ceadaithe. Tá fógra curtha dá réir ag an mBord Bainistíochta chuig an múinteoir i scríbhinn maidir lena chinneadh.

Síniú an Chathaoirligh: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_ - \_\_ - \_\_

Seoladh: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ Uimhir Teagmhála Teileafóin \_\_\_\_\_

### **~ CUID 2 ~**

(COMHLÁNAIGH LE DO THOIL I MBLOCLITREACHA)

#### **MIONSONRAÍ AN MHÚINTEORA:**

1. Ainm an Mhúinteora: \_

2. Uimhir PPS (Uimh. RSI roimhe seo): \_\_\_\_\_ - \_\_

3. Uimh. an Mhúinteora: 9 9 \_\_\_\_\_ - \_\_

4. Seoladh

Comhfhreagrais: \_\_\_\_\_

5. Seoladh Ríomhphoist: \_\_\_\_\_

6. Uimhir Teagmhála Teileafóin.: \_\_\_\_\_

7. Ainm & Seoladh na Scoile roimhe sin:

\_\_\_\_\_

8. Uimhir Rolla: \_\_\_\_\_ - \_\_

9. An raibh tú ar mhalartú múinteora roimhe seo? Bhí \_\_\_\_ Ní raibh \_\_\_\_

Má "BHÍ" abair cad é an uair agus cad é an t-achar: \_\_\_\_\_

## **AN CHÚIS ATÁ LEIS AN MALARTÚ**

1. An scoilbhliain ar mian leat malartú: \_\_\_\_\_
2. An chúis go bhfuil tú ag iarraidh malartú a dhéanamh: \_\_\_\_\_
3. An scoil ar mian leat malartú chuici: \_\_\_\_\_

**Dearbhaím go bhfuil an t-eolas atá tugtha agam san fhoirm seo fíor agus comhlánaithe. Tá na coinníollacha faoina bhfuil malartú múinteora deonaithe léite agam agus aontaím cloí leis na coinníollacha sin.**

**Tuigim go gcuirfidh aon eolas mícheart ná míchruinn a sholáthair mé san fhoirm seo mo shos gairme ar neamhni agus ar ceal.**

Síniú: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_ - \_\_ - \_\_

## **AN CHUID SEO LE SÍNIÚ AG CATHAOIRLEACH AN BHOIRD BAINISTÍOCHTA**

Tá an Bord Bainistíochta sásta, tar éis scrúdú a dhéanamh ar an bhFoirm Iarratais do Mhalartú Múinteora maidir le \_\_\_\_\_ go bhfuil iarratas an mhúinteora ceadaithe. Tá fógra curtha dá réir ag an mBord Bainistíochta chuig an múinteoir i scríbhinn maidir lena chinneadh.

Síniú an Chathaoirligh: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_ - \_\_ - \_\_

Seoladh: \_\_\_\_\_

Uimhir Teagmhála Teileafóin \_\_\_\_\_

# FOIRM IARRATAIS DO SHAOIRE CÚRAMÓRA

## ~ CUID 1 ~

(LENA CHOMHLÁNÚ AG AN MÚINTEOIR)

### ROINN A – MIONSONRAÍ PEARSANTA (BLOCLITREACHA)

Contae: \_\_\_\_\_ Uimhir Rolla: \_\_\_\_\_ Scoil: \_\_\_\_\_

Sloinne: \_\_\_\_\_ Céadainm (neacha): \_\_\_\_\_

Seoladh Baile: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ Uimh. Teagmhála Teil.: \_\_\_\_\_

Uimh. PPS (Uimh. RSI roimhe seo) \_ \_ \_ \_ \_ - \_ \_

Ainm an Duine Chuí ar mian leat iarratas a dhéanamh ar shaoire Cúramóra ar a s(h)on:

\_\_\_\_\_

An bhfuair tú saoire cúramóra roimhe seo? Fuair \_\_ Ní bhfuair \_\_ (*Cuir tic mar is cuí*)

An bhfuair tú saoire cúramóra roimhe seo maidir

leis an Duine Cuí atá ainmnithe thuas? Fuair \_\_ Ní bhfuair \_\_ (*Cuir tic mar is cuí*)

Má “Fuair” abair:

Ón \_\_/\_\_/\_\_ go \_\_/\_\_/\_\_

Ón \_\_/\_\_/\_\_ go \_\_/\_\_/\_\_

Ón \_\_/\_\_/\_\_ go \_\_/\_\_/\_\_

Ón \_\_/\_\_/\_\_ go \_\_/\_\_/\_\_

Líon Iomlán Seachtaine

Líon Iomlán Seachtaine

Líon Iomlán Seachtaine

Líon Iomlán Seachtaine

**Líon Iomlán ar Fad** \_\_\_\_\_

### ROINN B – TRÉIMHSE SAOIRE CÚRAMÓRA ATÁ BEARTAITHE

1. Dáta tosaigh atá beartaithe don tsaoire cúramóra: \_ \_ - \_ \_ - \_ \_

2. Dáta deiridh atá beartaithe don tsaoire cúramóra: \_ \_ - \_ \_ - \_ \_

3. Abair an líon seachtaine ina n-iomláine: \_\_\_\_\_

### ROINN C – DEIMHNIÚ

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas atá tugtha agam san fhoirm seo fíor agus comhlánaithe.

Tá Ciorclán Saoire Cúramóra 5/03 léite agam, agus aontaím cloí le ceanglais an Chiorcláin sin. Is mian liom a dhearbú go bhfuil iarratas le haghaidh cinneadh go dteastaíonn cúram agus aire lánaimseartha ón duine cuí déanta ar an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

Tuigim go gcuirfidh aon eolas mícheart ná míchruinn a sholáthair mé san fhoirm seo mo shos gairme ar neamhní agus ar ceal.

Síniú: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_ - \_\_ - \_\_

## ~ CUID 2 ~

(LENA CHOMHLÁNÚ AG CATHAOIRLEACH AN BHOIRD BAINISTÍOCHTA)

### **SAOIRE CÚRAMÓRA A CHEADÚ**

Tá an t-iarratas seo ar Shaoire Cúramóra ceadaithe ag Bord Bainistíochta Scoil Náisiúnta \_\_\_\_\_, uimhir rolla \_\_\_\_\_, mar atá sonraithe i gCuid 1 den fhoirm seo.

Measfar iarratas ar shaoire cúramóra atá ceadaithe ag an mBord Bainistíochta agus sínithe ag Cathaoirleach an Bhoird mar dhoiciméad deimhnithe ar chomhlíonadh alt 5.4 den Chiorclán Bunoideachais 5/03.

Ba chóir cóip den fhoirm chomhlánaithe a thabhairt don mhúinteoir agus ba chóir an fhoirm féin a chur ar aghaidh chuig: **Brainse Íocaíochtaí Bunoideachais, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí** tráth nach déanaí ná dhá sheachtain roimh an dáta tosaithe atá beartaithe don tsaoire.

Tá deimhniú maidir leis an iarratas thuas faighte ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh Tá \_\_\_ Níl \_\_\_ (*Cuir tic mar is cuí*)

Síniú an Chathaoirligh: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

Seoladh: \_\_\_\_\_

Uimhir Teagmhála Teileafóin: \_\_\_\_\_

**Note:** Ba chóir do Bhord Bainistíochta a chinneann nach bhfuil múinteoir incháilithe le haghaidh saoire cúramóra nó a chinneann saoire cúramóra a chur siar sin a chur in iúl don mhúinteoir i scríbhinn ar a laghad ceithre seachtaine roimh an dáta tosaithe atá beartaithe don tsaoire.

**Ní chóir ach iarratais atá ceadaithe ag an mBord amháin a chur ar aghaidh chuig an Roinn.**

**Rannóg Íocaíochtaí Bunoideachais,  
An Roinn Oideachais & Eolaíochta,  
Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.  
Teil: (090) 6474621 • (01) 8734700  
Faics: (090) 6483630  
Láithreán Gréasáin: [www.education.ie](http://www.education.ie)**

Deartha agus Prionáilte ag New Cityview Press Ltd. Teil: 01-8600101